Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Office of the Information Commissioner

Tuarascáil Bhliantúil 2010

troubled banks
Nama
fees
IMF
bonuses
dispute
nursing homes
vetting of foster carers
Major flaws
€200k jet hire 'inappropriate'
pay-outs for teachers

2011 © Rialtas na hÉireann

Oifig an Choimisinéara Fáisnéise
18 Sráid Líosain Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

Teil: (01) 639 5689
Facs: (01) 639 5674
Riomhphost: info@oic.gov.ie
Suíomh Gréasáin: www.oic.gov.ie

Sraithuimhir Caighdeánach Idirnáisiúnta: 1649-0479
PRN: A11/0172

Designed by: catalysto

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
Office of the Information Commissioner

Tuarascáil Bhliantúil 2010

Clár Ábhar

Réamhfhocal 6

CUID 1 – An Coimisinéir Faisnéise

Caibidil 1: An bhliain faoi athbhreithniú 9
Do cheart chun faisnéise 9
Réamhrá 10
Príomhstaitisticísaoráil faisnéise don bhliain 15
Líon cás d'Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF) 19
Réitigh agus cásanna a aistarraingíodh 25
Diúltaithe measta 27
Fiosruithe ginearálta le OCF 28
Táillí a fuarthas 29
Fógraí reachtúla 30
Deimhnithe reachtúla arna n-eisiúint ag Airí/Ard-Rúnaithe 31
Achomhairc chuig an Ard-Chúirt 33
Athbhreithniú ar achtacháin a bhaineann le neamhnochtadh taifead 33
Comhthiomsú staitisticí 34
Cúrsaí foirne 34

Caibidil 2: Saincheisteanna a tháinig chun cinn 37
Comhlachtaí poiblí nach bhfuil faoi réim an Achta um Shaoráil Faisnéise 37
Comhlachtaí poiblí a bhaint amach as réim an Achta um Shaoráil Faisnéise 38
Cuspóir an Achta um Shaoráil Faisnéise - cultúr oscailteachta a chruthú 39
D'fhéadfaí acmhainní tearca a spáráil dá mbeadh cultúr ann ina ndéanfaí taifid a fhoilsiú agus a fhuascailt 43
Cleachtais neamh-inghlactha na gcomhlachtaí poiblí 45
Breitheanna a thug na Cúirteanna in 2010 47
Athbhreithnithe Oifig an Choimisinéara Faisnéise a raibh trácht orthu sa nuacht 47

Caibidil 3: Cinntí 51
Cinntí foirmiúla 51
Cinntí suntasacha 52
An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre 52
Cruinniú neamhchorprach Rialtais 54

Luach Saothair Iar-Phríomhfheidhmeannach
Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 55

Caibidil 4: Staitisticí 57

CUID II – An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil

Caibidil 1: Réamhfhocal 73
An Treoir agus na Rialacháin 73
Cad a thuigtear le faisnéis chomhshaoil? 73
Cead rochtana faisnéise a spreagadh 74
Údaráis phoiblí 74
Táillí 74
Bonn an diúltaithe 75
Treoirlínte 75
Achomhairc a fuarthas in 2010 76
Saincheisteanna a tháinig chun cinn in 2010 76
Breith Ard-Chúirte 79
Staitisticí 80

Caibidil 2: Cinntí 83

Aguisín I

Deimhnithe eisithe faoi alt 20 agus alt 25 den Acht um Shaoráil Faisnéise. 91

Aguisín II

Athbhreithniú faoi alt 25(7) ar Dheimhnithe Aireachta arna n-eisiúint 93

Aguisín III

Tuarascáil Bhliantúil maidir le hÉifeachtálacht Fuinnimh 94

Cairt Eagraíochta 96

Réamhfhocal

Leis seo, cuirim m'ochtú Tuarascáil Bhliantúil i mo cháil mar Choimisinéir Faisnéise (an tríú Tuarascáil Bhliantúil déag ón gCoimisinéir Faisnéise ó bunaíodh an Oifig in 1998) faoi bhráid na Dála agus an tSeanaid de bhun fhorálacha Alt 40(1)(c) de na Achtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003.

Emily O'Reilly
Coimisinéir Faisnéise
Bealtaine 2011

Pat Whelan
Ard Stiúrthóir

Caibidil 1

THE country's leading banks wanted to ensure that NAMA, the toxic loans agency, was not covered under the Freedom of Information (FOI) Act when the bill was being drafted

FOI opt-out sought by troubled banks

troubled banks

Universities paid Ibec almost €900,000 in fees

Documents obtained under the Freedom of Information Act show the universities paid fees totalling €244, 770 in 2008.

CAIBIDIL 1: An bhliain faoi athbhreithniú

Do cheart chun faisnéise

Tugtar ceart rochtana do dhaoine leis **an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, arna leasú ag an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003** ar thaifid atá i seilbh ag a lán comhlachtaí poiblí, lena n-airítear Ranna Rialtais, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus na hÚdaráis Áitiúla. Tugtar an ceart leis freisin do dhaoine chun faisnéis phearsanta fúthu atá i seilbh na gcomhlachtaí sin a ceartú nó a nuashonrú agus tugtar an ceart do dhaoine fáthanna a bheith tugtha dóibh i leith cinntí arna ndéanamh ag comhlachtaí poiblí, i gcás ina bhfuil tionchar sainráite ag na cinntí sin orthu.

Tugtar modh rochtana eile sna **Rialacháin ar Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol 2007** do dhaoine a bhfuil faisnéis comhshaoil uathu. Tá níos mó eagraíochtaí cumhdaithe ag na Rialacháin sin ná mar atá cumhdaithe ag an Acht um Shaoráil Faisnéise. Tá Treoirnótaí foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil atá ar fáil ar láithreán Gréasáin an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil ag www.ocei.gov.ie.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an dá fheidhm sin neamhspleách go dlíthiúil óna chéile mar atá mo róil faoi seach mar Choimisinéir Faisnéise agus mar Choimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil.

Réamhrá

Tá áthas orm m'ochtú Tuarascáil Bhliantúil i mo cháil mar Choimisinéir Faisnéise a chur i láthair. Clúdaítear an tréimhse ó 1 Eanáir 2010 go 31 Nollaig 2010 i mo Thuarascáil.

Tá seantaithí againn ar na deacrachtaí eacnamaíocha reatha atá os comhair na tíre agus an brú a chuirtear ar shaol an-chuid daoine mar thoradh orthu. Is léir, in aghaidh an chúlra sin, go bhfuil ról tábhachtach ag Saoráil Faisnéise chun a chinntiú gur féidir díospóireacht phoiblí eolasach a bheith ann ar shaincheisteanna uile a bhfuil tábhacht náisiúnta leo. Luaigh mé m'imní, i mo Thuarascáil don bhliain 2009, an méadú i líon na gcomhlachtaí poiblí, ar nós Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, atá á mbaint as réim an Achta. Cúis mhór díomá dom nach ndearnadh aon ghníomh in 2010 chun na comhlachtaí breise sin a chur faoi réim an Achta agus tháinig sé ar mo shúile dom de thaisme gur baineadh príomhfheidhmeanna comhlacht poiblí eile, an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre, de mo chúram gan fhógra gan chomhairliúchán agus i gcúinsí thar a bheith míshásúil. (féach caibidil 2). Is é mo thuairim go bhfuil sé níos tábhachtaí ná riamh go gcuimseofar gach comhlacht poiblí san Acht um Shaoráil Faisnéise. Creidim go bhfuil sé de cheart ag baill den phobal, iad siúd a théann faoi ualach fhiachas na tíre mar cháiníocóirí, an fhaisnéis uile a bheith acu, faoi réir ag na heisceachtaí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, chun anailís a dhéanamh go heolasach, ar na cinntí a raibh tionchar chomh trom orthu ar a saol agus ar a mbeidh an tionchar trom céanna amach anseo. Ar an ábhar sin, molaim go láidir go gcuirfear na taifid uile faoi réim an Achta um Shaoráil Faisnéise, na taifid atá i seilbh comhlachtaí ar nós Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, na Gníomhaireachta Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní agus Banc Ceannais na hÉireann agus ní na taifid atá i seilbh na Roinne Airgeadais amháin i leith saincheisteanna tábhachtacha mar sin.

Chomh maith le m'imní a chur in iúl san am atá caite maidir le comhlachtaí poiblí nach dtagann faoi réim an Achta um Shaoráil Faisnéise, léirigh mé mo mhíshástacht leis na leasuithe a rinneadh leis an Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003, a raibh an éifeacht acu srian a chur ar rochtain phoiblí ar thaifid a bhaineann leis an bpróiseas smaointeoireachta maidir le gníomhartha Rialtais a dhéanamh. Le déanaí, tá sé curtha in iúl agam nach n-aontaím leis an moladh i dTuarascáil ón bPainéil Athbhreithnithe Neamhspleách (dá ngairtear chomh maith "*Tuarascáil Wright*") dar teideal "*Strengthening the Capacity of the Department of Finance*", ina ndeirtear:

"*3.6.4. Under Ireland's Freedom of Information law, policy advice tendered outside of Cabinet consideration is subject to public disclosure. A public airing of serious policy differences between a Minister for Finance and his advisors could have serious implications*

for financial markets. At a minimum, it would strain relationships between the Minister and his officials and this would be very damaging to the budgetary process",

agus

"3.6.6. (10) The Panel strongly supports the public release of substantially more economic analysis by the Department. However, policy advice to the Minister for Finance in the preparation of the Government's Budget should not be subject to release under Freedom of Information for at least five years".

Mar a luaigh mé in aitheasc a thug mé maidir le Cuntasacht Feidhmiúcháin agus Daonlathas Parlaiminteach in Ollscoil na hÉireann Gaillimh, an 26 Márta 2011:

"mar a gcuirtear in iúl iad i dTuarascáil Wright, is cosúil go léirítear leis na ráitis sin maidir le tionchar diúltach na Saorála Faisnéise dearcthaí ón Roinn Airgeadais. Léirítear leo freisin, deirtear linn, dearcadh Ard-Rúnaithe Ranna Rialtais áirithe eile."

Luaigh mé go bhfuil sé deacair glacadh leis gur féidir le státseirbhísigh an-sinsearacha, a bhfuil blianta fada taithí acu leis an reachtaíocht, míthuiscint chomh bunúsach a bheith acu faoi céard go díreach a fhoráiltear dó faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Dúirt mé go raibh "*mo theanga caite agam ag rá arís is arís eile nach bhfuil Saoráil Faisnéise ann chun dochar a dhéanamh agus go bhfuil neart díolúintí san Acht chun leasanna tábhachtacha uile an Stáit a chosaint*" .

Ba mhaith liom a chur in iúl go bhfuil leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Stáit cosanta go sonrach ag alt 31 den Acht um Shaoráil Faisnéise, lena n-áirítear taifid a bhaineann le: rátaí malartaithe nó airgeadra an Stáit, cánacha, ioncam, rialú ar bhaincéireacht agus árachas, rátaí úis, infheistíocht eachtrach, idirbhearta maoine. Tá alt 31 faoi réir ag tástáil cothromúcháin os coinne leas an phobail a chiallaíonn nach mbeidh feidhm ag an díolúine má shocraíonn an cinntitheoirSaorála Faisnéise go ndéanfar freastal níos fearr ar leas an phobail tríd an taifead a fhuascailt seachas é a choinneáil siar.

Anuas air sin, tá próiseas pléite comhlachta phoiblí faoi chosaint ag alt 20 den Acht um Shaoráil Faisnéise. Ciallaíonn sé sin, i gcomhthéacs an bhuiséid, gur féidir taifid a choinneáil siar go dtí go mbeidh an próiseas pléite thart agus an buiséad cinntithe. Neartaíodh an díolúine sin in 2003 nuair a cuireadh foráil leis a chuireann ar chumas Ard-Rúnaí a dheimhniú go bhfuil i dtaifead "*contains matter relating to the deliberative processes of a Department of State*". I gcás ina n-eisítear deimhniú den sórt sin, ní mór an taifead a dhiúltú agus níl féidearthacht ar bith ann é a fhuascailt ar mhaithe le leas an phobail.

San aitheasc thuasluaite, deirim *"ní mé an é imní iarbhír na Roinne Airgeadais go mbeidh an cinneadh deireanachfaoi fheidhm díolúine lasmuigh dá smacht faoin Acht um Shaoráil Faisnéise ach amháin i gcás ina bhfuil deimhniú de réir Alt 20 eisithe ag Ard-Rúnaí. An é go bhfuil an Roinn míshásta leis an bhféidearthacht go mbeidh gníomhaireacht sheachtrach – m'Oifig féin mar Choimisinéir Faisnéise, mar a tharlaíonn – ag déanamh an cinneadh maidir le céard é leas an phobail? Dá mba amhlaidh a bheadh, bheadh an cosúlacht ann go rabhthas ag iarraidh cuntasacht a sheachaint, agus arís, dá mba amhlaidh a bheadh, ba sheasamh é sin den sórt nach bhfuil áit ar bith ann dó i bhFeidhmeannas ina bhfuil aird ar chuntasacht".*

Fáiltím roimh na tiomantais maidir le saoráil faisnéise sa Chlár úrnua don Rialtas, Rialtas i gcomhair Téarnaimh Náisiúnta 2011-2016, ina ndeirtear:

"*We will legislate to restore the Freedom of Information Act to what it was before it was undermined by the outgoing Government, and we will extend its remit to other public bodies including the administrative side of the Garda Síochána, subject to security exceptions. We will extend Freedom of Information, and the Ombudsman Act, to ensure that all statutory bodies, and all bodies significantly funded from the public purse, are covered*",

agus

"*We will put in place a Whistleblowers Act to protect public servants that expose maladministration by Ministers or others, and restore Freedom of Information*".

Molaimse go tréan go gcuirfí na gealltanais sin i bhfeidhm. Ba mhór an chabhair iad na leasaithe sin ó thaobh oscailteacht agus trédhearcacht a athchruthú sa chóras riaracháin phoiblí in Éirinn agus muinín an phobail a athmhúscailt.

Ós rud é go bhfuil laghdú ag teacht i gcónaí ar acmhainní na hearnála poiblí, agus go bhfuil fianaise ann go bhfuil iarratais ar shaoráil faisnéise ag méadú ag an am céanna, is tráthúil an t-am anois é do chomhlachtaí poiblí machnamh a dhéanamh ar conas a láimhseálann siad na hiarratais sin. Iarraim ar chomhlachtaí poiblí glacadh leis an dearcadh sin a bhfuil foráil faoi san Acht um Shaoráil Faisnéise gur féidir ábhar a chur ar fáil agus gur ceart níos mó faisnéise a bheith ar fáil don phobal, agus é sin a dhéanamh chun nach gcuirfear brú ar acmhainní poiblí atá ag laghdú i gcónaí agus le déileáil leis an Acht sa spioraid sin inar tugadh isteach é. Tharraing mé aird i gcaibidil 2 ar roinnt eachtraí inar cúis imní dom na cleachtais a bhí ag comhlachtaí poiblí.

Tá tuairisc agam i gCuid II ar mo chuid oibre mar Choimisinéir Comhshaoil i rith 2010. Ní ionann an ról seo ar chor ar bith ó thaobh an dlí de agus mo Ról mar Choimisinéir Faisnéise, agus bíodh is nach bhfuil aon dualgas reachtúil orm é a dhéanamh, lean mé den nós a bhí agam le dhá bliain anuas agus sholáthraigh mé tuairisc faoi in éineacht le mo Thuarascáil Bhliantúil mar Choimisinéir Faisnéise.

Is spéisiúil an rud é machnamh a dhéanamh arís i mbliana ar chuid den fhaisnéis a cuireadh os comhair an phobail tríd an Acht um Shaoráil Faisnéise agus nach mbeadh ar eolas ag daoine murach an tAcht sin. Mar léiriú orthu siúd d'aibhsigh mé roinnt scéalta a bhfuil baint ag an Acht leo, agus a foilsíodh i dtuarascálacha sna meáin:

Irish Times, Eanáir 2010

FOI opt-out sought by troubled banks

Emmet Oliver
Deputy Business Editor

THE country's leading banks wanted to ensure that NAMA, the toxic loans agency, was not covered under the Freedom of Information (FOI) Act when the bill was being drafted.

Sunday Business Post, Márta 2010

Serious questions raised over vetting of foster carers

The state is obliged to do background checks on individuals before paying them to look after a child, write **Ian Kehoe** and **John Burke**

Irish Independent, Feabhra 2010

Dramatic rise in complaints of abuse at nursing homes

Shane Phelan

A RESIDENT of a nursing home was left to die alone and other elderly patients were threatened and bullied by staff in private care centres across the country.

Five years on from the Leas Cross scandal that shocked the public, these are among the complaints that were upheld by the HSE last year.

There was a dramatic rise in the number of complaints about the treatment of elderly people in private nursing homes, despite a number of high-profile, Government-sponsored initiatives.

Sunday Business Post, Márta 2010

Major flaws in €60 million HSE computer system

Audit showed catering staff had access to patient data

By John Burke and Ian Kehoe

A patient records system built by the Health Service Executive (HSE) at a cost of €60 million has been plagued by security flaws and operational problems.

Irish Times, Bealtaine 2010

HSE warns 218 consultants over level of private work

MARTIN WALL
and EITHNE DONNELLAN

MORE THAN 200 consultants in hospitals across the State have been formally warned they are seeing too many private patients in public hospitals.

Sunday Business Post, Lúil 2010

FitzPatrick told government €1.5bn would save Anglo

By Pat Leahy
Political Editor

Irish Independent, Lúnasa 2010

Private medical firm linked to fall in disability pay-outs for teachers

Michael Brennan
Deputy Political Editor

THE number of primary teachers being granted early retirement due to ill health has fallen sharply since a private medical company was hired to do the assessments.

Príomhstaitisticísaoráil faisnéise don bhliain

Líon na niarratas ar shaoráil faisnéis a rinneadh chuig comhlachtaí aí poiblí 2001-2010



Rinneadh 15,249 iarratas ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht um Shaoráil faisnéise in 2010. Léiríonn sé seo an fás atá ag teacht i gcónaí ar iarratais faoin acht le blianta beaga anuas. Léiríonn sé méadú 7% (959 iarratas) ar líon na bliana 2009 agus méadú 20% (2,577 iarratas) ar líon na bliana 2008. Is dealraitheach gur thacaigh an cor chun donais eacnamaíoch leis an méadú seo.

Tá an méadú 15% tagtha ar líon na n-iarratas ar shaoráil faisnéise a bhí ag comhlachtaí poiblí is a bhí fós gan freagairt ag deireadh mhí na Nollag 2010 (2,466 cás) i gcomparáid leis an 2,140 cás a bhí ann ag deireadh na bliana 2009. Ba cheart do na comhlachtaí poiblí sin monatóireacht a dhéanamh ar na riaráistí sin agus tabhairt fúthu.

Miondealú de réir earnála ar iarratais ar shaoráil faisnéise go comhlachtaí poiblí



Ba í Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a fuair an líon iarratas ba mhó ar shaoráil faisnéise in 2010. Fuair siad 5,404 iarratas (méadú 13% ar líon na bliana 2009). Fuair ranna Rialtais agus comhlachtaí Stáit 5,091 iarratas (méadú 8% ar líon na bliana 2009). Fuair ospidéil dheonacha, seirbhísí meabhairshláinte agus gníomhaireachtaí bainteacha 2,737 iarratas (méadú 10% ar líon na bliana 2009). Fuair comhlachtaí deonacha 97. Fuair údaráis áitiúla 1,522 (laghdú 8% ar líon na bliana 2009 agus fuair institiúidí tríú leibhéil 398 iarratas (laghdú 19% ar líon na bliana 2009).

An deich gcomhlacht is mó a fuair iarratais i rith 2010

Áit ar an liosta	Comhlacht Poiblí	2010	2009	2008
1	FSS an Iarthair (2)	1,953	1,647	1,362
2	FSS an Deiscirt (1)	1,926	1,756	1,548
3	An Roinn Coimirce Sóisialaí (6)	859	556	485
4	An Roinn Oideachais agus Scileanna (5)	796	569	457
5	FSS Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh (4)	713	694	631
6	An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe an Dlí (3)	598	844	718
7	FSS Bhaile Átha Cliath Laighin Láir (7)	573	427	453
8	Ospidéal na Trócaire Corcaigh (8)	403	416	200
9	An Roinn Airgeadais (9)	337	272	180
10	Ospidéal MaterMisericordiae (-)	327	238	219

Léiríonn an tábla thuas an deich gcomhlacht poiblí ba mhó a ndearnadh iarratais ar shaoráil faisnéise orthu i rith 2010 (léirítear idir lúibíní na háiteanna a bhí acu sa liosta in 2009), mar aon le comparadóirí na gcomhlachtaí sin i gcomhair 2008 agus 2009. Tá méadú foriomlán na n-iarratas a rinneadh ar FSS le feiceáil i ngach ceann de réigiúin FSS atá ar an deich gcomhlacht is airde. Is díol suntais é an méadú obann a tháinig ar líon na n-iarratas ar shaoráil faisnéise a rinneadh leis an Roinn Coimirce Shóisialaí (méadú 54% ar iarratais na bliana 2009 agus méadú 77% ar iarratais na bliana 2008). Rinne mé tagairt anuraidh don mhéadú mór a tháinig ar na hiarratais ar shaoráil faisnéise a fuair an Roinn Airgeadais ó 2007 i leith. Tharla méadú 24% eile i mbliana, rud a fhágann go bhfuil méadú 426% ann ón 64 iarratas a fuair an Roinn Airgeadais in 2007. Bíodh is nach bhfuil sonraí faoi leith agam faoi na cúiseanna a bhí leis na hathruithe sin, measaim go bhfuil sé réasúnta a cheapadh go mb'fhéidir gur tharla siad toisc go raibh spéis níos mó ag daoine i dtaifid a rochtain a bhain leis an ngéarchéim airgeadais agus le cor chun donais na heacnamaíochta. Tá táblaí níos mionsonraithe le fáil i gcaibidil 4 ina ndéantar miondealú ar na hiarratais a fuarthas i ngach earnáil.

An cineál iarrthóra go comhlachtaí poiblí



Tá céatadán na n-iarratas a fuarthas ó na cineálacha éagsúla iarrthóirí an-chosúil le céatadán na bliana anuraidh.

An cinneál iarratais go comhlachtaí poiblí



Tharla méadú 1,303 ar líon na n-iarratas ar fhaisnéis phearsanta agus is ionann é sin agus méadú 14% ar an líon a fuarthas in 2009, bíodh is gur tharla laghdú beag ar líon na n-iarratas ar fhaisnéis mheasctha agus ar fhaisnéis neamhphearsanta. Ar an iomlán bhain 70% de na hiarratais in 2010 le faisnéis phearsanta, 29% le faisnéis neamhphearsanta agus 1% le faisnéis mheasctha.

Rátaí achomhairc

Bhí 595 cás ann in 2010 inar iarradh go ndéanfaí athbhreithniú inmheánach ar chinntí comhlachtaí poiblí. B'ionann é sin agus 4% de na cásanna go léir ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo. Ghlac m'Oifigse le 220 cás in 2010 chun athbhreithniú a dhéanamh orthu, rud ab ionann agus 1.47% de na cinntí a rinne comhlachtaí poiblí.

Ráta saorála de réir comhlachtaí poiblí



Tríd is tríd bhí rátaí saorála na n-earnálacha éagsúla ar aon dul le rátaí na bliana roimhe, bíodh is go raibh méadú go 76% ar na rátaí saorála i gcás na n-ospidéal deonach, seirbhísí meabhairshláinte agus gníomhaireachtaí gaolmhara (ó ráta 68% in 2009) agus go 57% i gcás institiúidí tríú leibhéil (ó ráta 46% in 2009). Tá ráta saorálaFSS fós ag 71% agus is ag an Státseirbhís atá an ráta is ísle, 41%. Tá miondealú mionsonraithe ar na rátaí saorála i ngach earnáil le fáil i gcaibidil 4.

Líon cás d'Oifig an Choimisinéara Faisnéise (OCF)

Mura mbíonn iarratasóir sásta leis an gcinneadh a dhéanann comhlacht poiblí ar a (h) iarratas ar shaoráil faisnéise, féadfaidh an té sin a iarradh ar m'Oifigse athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh sin. Is iondúil gurb é an t-athbhreithniú sin an tríú anailís agus cinneadh a dhéanfar ar an gcás sin. Tá an cinneadh a leanann ó m'athbhreithniú ceangailteach. Is féidir achomharc a dhéanamh air chuig an Ard-Chúirt ach is ar phointe dlí amháin is féidir an t-achomharc sin a dhéanamh.

Iarratais chuig OCF 2008-2010



Is díol spéise é an chaoi ar tharla laghdú 7% ar líon na n-iarratas a rinneadh chun m'Oifigse in 2010 bíodh is gur tháinig méadú 7% ar líon na n-iarratas ar shaoráil faisnéise a rinneadh chuigcomhlachtaí poiblí sa tréimhse chéanna.

Is léir ón tábla thuas nach nglacann m'Oifigse le roinnt iarratas ar athbhreithniú gach bliain. Tarlaíonn sé sin den chuid is mó toisc na hiarratais a bheith neamhbhailí nó toisc go dtarraingíonn na hiarratasóirí siar iad go luath.

Ábhar na n-iarratas ar ghlac le OCF lena n-athbhreithniú



Tharla sé arís i mbliana gur bhain formhór mór na 220 iarratas ar ghlac m'Oifigse leo le hiarratais ina raibh iarratasóirí ag iarraidh taifid a rochtain ach gur diúltaigh comhlacht poiblí an cead sin dóibh. Níor bhain ach iarratas amháin a rinneadh chuig m'Oifigse leis an táillí a ghearr comhlacht poiblí i rith 2010.

Ba mhaith liom a chur i gcuimhne d'iarratasóirí go bhfuil foráil san Acht um Shaoráil Faisnéise a thugann cead dóibh iarratas a dhéanamh chuig m'Oifigse go ndéanfaí athbhreithniú ar chinneadh comhlachta poiblí táille a ghearradh nó faoi leibhéal na dtáillí atá á n-éileamh acu. D'fhéadfadh sé tarlú freisin go mb'fhearr don iarratasóir cúngú a dhéanamh ar réim a (h)iarratais chun leibhéal na dtáillí a ísliú. Níl a fhios agam cén fáth a ndéantar a laghad iarratas chun m'Oifigse go ndéanfaí athbhreithniú ar tháillí ach is léir ó scéalta sna meáin gur ábhar imní é ag roinnt iarratasóirí:

Irish Examiner
31 Iúil 2010
"Defence forces demand over €8,000 for release of records"

Medical Independent
16 Meán Fómhair 2010
"HSE demands more than €72,000 for FOI request"

Iarratais ar glacadh le OCF de réir cineáil 2008-2010



Léiríonn an tábla thuas gur tharla méadú suntasach i gcomparáid le 2009 ar chéatadán na gcásanna sin ar ghlac m'Oifigse leo inar éiligh an t-iarratasóir faisnéis neamhphearsanta, in ainneoin gur tháinig laghdú foriomlán ar líon na n-iarratas ar shaoráil faisnéise neamhphearsanta i gcomparáid le 2009. Is díol spéise é a thabhairt faoi ndeara bíodh is go mbaineann 70% de na hiarratais ar shaoráil faisnéise le faisnéis phearsanta nár bhain ach 20% de na hiarratais ar ghlac m'Oifigse leo in 2010 le hiarratais ar fhaisnéis phearsanta.

Toradh na n-athbhreithnithe a cuireadh i gcrích le OCF i 2010



Rinne mé athbhreithniú in 2010 ar 228 cinneadh a rinne comhlachtaí poiblí i gcomparáid le 239 cinneadh in 2009 agus 259 in 2008. Tá méadú ag teacht gach bliain ar athbhreithnithe níos casta agus níos am-idithí. Bhí 192 cás idir lámha ag m'Oifigse ag deireadh Nollag 2010, i gcomparáid le 200 deireadh na bliana 2009 agus 193 ag deireadh na bliana 2008.

Is fiú a thabhairt faoi deara gur cuireadh taifid bhreise ar fáil i gcás thart faoi 43% de na cásanna athbhreithnithe ar chuir m'Oifigse bailchríoch orthu in 2010 i gcomparáid le 30% in 2009. Tá anailís mionsonraithe ar na cásanna sin a ndearnadh cinntí foirmiúla fúthu le fáil i gcaibidil 3.

Próifíl aoise na gcásanna a dúnadh



Léiríonn an tábla seo gur chuir m'Oifigse bailchríoch in 2010 ar 74% de na cásanna laistigh de bhliain amháin ó am a fuaireamar iad. Ba mhór an dul chun cinn é sin i gcomparáid leis an 50% ar cuireadh bailchríoch orthu laistigh de bliain amháin in 2009, agus tá sé mar thoradh ar thionscnaimh ar leith atá dírithe ar scálaí ama dúnta cáis a fheabhsú. Tá méadú ó 30% go 33% ar chéatadán na gcásanna ar dúnadh iad laistigh de 4 mhí. Maidir le cásanna níos sine atá idir lámha, ní mór a thabhairt faoi deara gur le hiarratasóir amháin a bhaineann an 30 cás sa tábla thíos atá ar feitheamh ar feadh breis agus 3 bliana agus go ndearnadh iarratas fúthu in 2006. Baineann an moill maidir le críochnú na gcásanna sin le cás a rinne an t-iarratasóir sin, agus ar ghlac m'Oifigse leis arna tharchur ón Ard-Chúirt. Rinne mé cinneadh nua faoin gcás sin in 2010, agus ós rud é nach ndearna an t-iarratasóir achomharc faoi, beidh m'Oifig in ann déileáil leis an 30 cás eile atá idir lámha acu. Cuireadh bailchríoch in 2010 ar 18 gcás a bhí ann le breis agus dhá bliain, agus mura gcuirtear na cásanna a bhaineann leis an t-iarratasóir a luadh thuas san áireamh, níl fágtha ach seacht gcás ó 2008.

Próifíl aoise na gcásanna idir lámha ag deireadh 2010 ag OCF



Miondealú ar iarratais a glacadh lena n-athbhreithniú de réir comhlacht poiblí le OCF



Miondealú cásanna FSS a glacadh le OCF



Tugann na léaráidí thuas miondealú de réir comhlachtaí poiblí de na cásanna ar ghlac m'Oifigse leo in 2010 chun athbhreithniú a dhéanamh orthu. Bhain 61 cás nó 28% de na cásanna a ndearna m'Oifigse athbhreithniú orthu le FSS. Tá sé seo ar aon dul le figiúirí na bliana 2009. Tharla méadú ó 2009 ar líon na n-iarratas a rinneadh chun m'Oifigse maidir leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tá miondealú le fáil sa dara chairt ar an 61 iarratas a rinneadh chun m'Oifigse faoi FSS. Bíodh is go bhfuil líon na n-iarratas mar a chéile tharla méadú beag ó 7 go 11 i gcomparáid le 2009 ar líon na n-iarratas a bhain le FSS Bhaile Átha Cliath Thoir Thuaidh.

Réitigh agus cásanna a aistarraingíodh

Réitítear nó aistarraingítear lear mór cásanna (54% i 2010) a chuirtear chum m'Oifigse lena n-athbhreithniú. Réitíodh 63 cás nó 28% de na cásanna a dúnadh in 2010 agus d'aistharraing an t-iarratasóir a (h)iarratas i 61 cás eile nó i 26% díobh.

Tá foráil san Acht um Shaoráil Faisnéise go bhféadfaidh mé iarracht a dhéanamh uair ar bith le linn athbhreithnithe chun réiteach a dhéanamh idir na páirtithe faoi na taifid atá le cur ar fáil. Uaireanta bíonn iarratasóirí sásta a n-iarratas a chúngú trí thoiliú gan taifead a chur san áireamh nach gcuirfeadh mórán, nó rud ar bith, leis an fhaisnéis atá uathu. I gcásanna eile d'fhéadfaí toiliú go scaoilfí taifid bhreise lasmuigh de raon an iarratais bunaidh sa chaoi nár ghá dom cinneadh foirmiúil a dhéanamh faoin

gcás. Mholfainn dochomhlachtaí poiblí agus iad ag plé le hiarratais ar shaoráil faisnéise déileáil go díreach leis na hiarratasóirí d'fhonn teacht ar réiteach sna cásanna sin nuair nach cosúil go gceadófar an t-iarratas ina iomláine.

Réiteach
Irish Independent
22 Samhain 2010

"Management consultant Ignatius Lynam has been paid more than €1,200 each day he has worked on the enquiry which is examining allegations against eight current FAS employees and six former staff members……..The records were released under freedom of information rules after the Office of the Information Commissioner ruled the content could be published in the public interest."

Réiteach
Irish Examiner
03 Nollaig 2010

"More than €750,000 has been spent on security measures at the private homes and constituency offices of six politicians since 2006…… The information was only released following the intervention of the Information Commissioner Emily O'Reilly, after the OPW refused the original FOI request and also rejected a subsequent internal appeal on security grounds."

I bhformhór na gcásanna is i ndiaidh cumarsáid fhada idir foireann m'Oifigse agus an t-iarratasóir a dhéantar iarratais a tharraingt siar. Is éard a fuair mé amach ó na cásanna sin a scrúdú ná go ndéantar a lán iarratas chun m'Oifigse toisc nár sholáthraigh an comhlacht poiblí cúiseanna mionsonraithe go leor faoi na fáthanna a bhí acu gan na taifid a chur ar fáil. Nuair a mhínítear na cinntí agus forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise do na hiarratasóirí is minic a ghlacann siad leis nár cóir na taifid a shaoradh agus ní gá cinneadh foirmiúil a dhéanamh faoin scéal. Iarraim archomhlachtaí poiblí a chinntiú go ndéantar a ndóthain sonraí a sholáthar sna cinntí bunaidh agus i gcinntí na n-athbhreithnithe inmheánacha a chuirfidh ar chumas an iarratasóra na fáthanna ar diúltaíodh don iarratas a thuiscint.

Diúltaithe measta

Leagann an tAcht um Shaoráil Faisnéisesíos teorainneacha reachtúla ama ar chomhlachtaí poiblí maidir leis na céimeanna éagsúla a bhaineann le hiarratas ar shaoráil faisnéise. Ba cheart cinneadh a eisiúint faoin iarratas laistigh de cheithre sheachtain, agus sa chás go n-iarrtar athbhreithniú inmheánach ba cheart cinneadh a eisiúint laistigh de trí sheachtain ón athbhreithniú sin. Má sháraítear na teorainneacha ama sin (trí gan aon chinneadh a dhéanamh nó trí chinneadh dhéanach a dhéanamh nuair a iarrtar athbhreithniú inmheánach) beidh sé de cheart ag an iarratasóir glacadh leis gur diúltaíodh an cead rochtana agus beidh sé nó sí i dteideal iarratas a dhéanamh chun m'Oifigse chun athbhreithniú a dhéanamh ar a leithéid de dhiúltú measta.

Diúltaithe measta le OCF 2007-2010



Measaim go bhfuil diúltaithe measta an-tromchúiseach sa mhéid is go bhfuil tionchar díreach ag sárú teorannacha ama ar chearta an phobail taifid a rochtain. Cúis imní dom gur tháinig fás ar líon na ndiúltaithe measta (ó 17 i 2008, go 34 i 2009, go 39 i 2010), go mór mór ó tá a fhios ag comhlachtaí poiblí go ndíreoidh mé aird ar a leithéid de sháruithe na reachtaíochta i mo Thuarascáil Bhliantúil. Bhí FSS freagrach as 56% de na sáruithe in 2010, bíodh is go bhfuair siad 35% de na hiarratais ar shaoráil faisnéise.

Diúltaithe measta 2010



Ba iad FSS Thoir Thuaidh agus FSS Theas ba mhó a bhí diúltaithe measta acu agus seacht agus sé shárú acu faoi seach. Cúis imní é freisin gur tharla na sáruithe sin i gcás 21 comhlacht poiblí in 2010, i gcomparáid le 18 gcomhlacht poiblí in 2009. Bíodh is nach ceart go sárófaí an reachtaíocht ar chor ar bith is céim chun tosaigh é gur tharla laghdú ar líon na sáruithe a rinne FSS Laighin Láir óna seacht go dtí a dó.

Fiosruithe ginearálta le OCF



Taifeadadh 622 fiosrú in 2010. Rinneadh 403 acu ar an teileafón agus 175 trí theachtaireachtaí ríomhphoist. Fuarthas 38 acu mar litreacha agus tháinig seisear isteach chugainn chun fiosrú a dhéanamh. Baill den phobal a rinne formhór na bhfiosruithe sin agus iad ag iarradh comhairle agus treoir faoi leas a bhaint as a gcearta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba iad seo a leanas na príomhcheisteanna a tarraingíodh anuas: conas iarratas ar shaoráil faisnéise a dhéanamh, an bhfuil comhlacht poiblí áirithe faoi réim an Achta um Shaoráil Faisnéise, comhairle faoi an bhféadfadh siad an fhaisnéis a bhí uathu a fháil trí shaoráil faisnéise, agus comhairle faoi conas athbhreithniú a chur chun cinn. Tá laghdú ag teacht ar líon na bhfiosruithe ó 2006 i leith agus d'fhéadfadh sé go bhfuil an scéal amhlaidh toisc go bhfuil tuiscint i bhfad níos fearr ag an bpobal i gcoitinne anois faoi shaoráil faisnéise agus an ceart atá acu faisnéis a fháil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Táillí a fuarthas

Cuireadh feidhm le córas táillí láithreacha ar an 7 Iúil 2003 i gcomhair iarratais áirithe maidir le saoráil faisnéise agus iarratais ar athbhreithnithe inmheánacha agus iarratais le go ndéanfadh m'Oifigse athbhreithnithe. Is iad seo a leanas na táillí atá iníoctha nuair a dhéantar iarratas ar fhaisnéis seachas faisnéis phearsanta faoin iarratasóir:

- €15 le haghaidh iarratas ar shaoráil faisnéise (laghdaithe go €10 i gcás daoine a bhfuil cárta leighis acu agus a gcleithiúnaithe),
- €75 le haghaidh iarratas ar athbhreithniú inmheánach ar iarratas ar shaoráil faisnéise (laghdaithe go €25 i gcás daoine a bhfuil cárta leighis acu agus a gcleithiúnaithe),
- €150 le haghaidh iarratas ar athbhreithniú ar iarratas ar shaoráil faisnéise (laghdaithe go €50 i gcás daoine a bhfuil cárta leighis acu agus a gcleithiúnaithe), agus
- €50 i gcomhair iarratas a dhéanann an tríú páirtí lena mbaineann na taifid, go ndéanfadh m'Oifigse athbhreithniú ar chinneadh faisnéis a shaoradh ar mhaithe le leas an phobail tar éis nósanna imeachta comhairliúcháin Alt 29 a bheith comhlíonta.

Íocadh táillí i gcás 122 iarratas ar athbhreithniú a rinneadh chun m'Oifigse i rith 2010. Ba é €15,800, méid iomlán na dtáillí iarratais a tugadh do m'Oifigse in 2010, aisíocadh €7,350 den mhéid sin, rud a d'fhág go bhfuarthas €8,450 san iomlán.

Tugadh na haisíocaíochtaí ar b'fhiú €7,350 iad ar na fáthanna seo a leanas:

- €5,850 toisc gur diúltaíodh do na hiarratais toisc iad a bheith neamhbhailí, nó toisc gur aistarraingíodh nó gur réitíodh iad.
- €1,350 toisc nár eisigh an comhlacht poiblí cinneadh nó cinneadh faoi athbhreithniú inmheánach laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos agus ar an ábhar sin gur "*diúltú measta*" a bhí ann, agus
- €150 nach raibh dlite ar chor ar bith toisc gur bhain sé le hiarratas ar shaoráil faisnéise ar fhaisnéis phearsanta amháin.

Fógraí reachtúla

Ní mór dom a admháil arís gur chomhoibrigh comhlachtaí poiblí go han-mhaith liom trí fhaisnéis a sholáthar i bhfoirm aighneachtaí; taifid a raibh athbhreithniú á dhéanamh orthu; ráitis faoi na fáthanna a bhí le cinntí srl. Is mór liom an leibhéal comhoibrithe seo. Tá forálacha sonracha san Acht um Shaoráil Faisnéise maidir le soláthar taifead agus faisnéise chun m'Oifige. Áirítear orthu sin:

- **Alt 35 den Acht um Shaoráil Faisnéise** a thugann an cumhacht dom ordú a thabhairt do cheannaire comhlachta phoiblí, má mheasaim nach leor na fáthanna a thugtar maidir le cinneadh, go dtabharfar ráiteas iomlán a don iarratasóir agus do m'Oifig faoi na fáthanna a ndearnadh an cinneadh, agus
- **Alt 37 den Acht um Shaoráil Faisnéise** a thugann an cumhacht dom a cheangal go gcuirfí faisnéis agus/nó taifid ar fáil dom, agus dul isteach in áitreabh ina bhfuil comhlacht poiblí lonnaithe chun críche aon fhaisnéis a fháil atá riachtanach chun críche athbhreithniú a dhéanamh.

Sheirbheáil mé fógra amháin in 2010 faoi Alt 37 ar chomhlacht poiblí nár chomhoibrigh le m'Oifig tar éis don ghnáth-chomhfreagras a eisiúint. Seirbheáladh an fógra sin ar FSS. Mar sin féin, bíodh is nár cheart go mbeadh ar an Oifig seo a bheith ag brath ar a leithéid d'fhógraí a eisiúint, ní mór a rá nár léirigh an cás seo aon fhadhb córasach sa FSS maidir le comhoibriú a dhiúltú. Ní raibh ann ach cás amháin as na 61 cás ar ghlac an Oifig seo leo in 2010 chun athbhreithniú a dhéanamh orthu.

Is féidir a rá go raibh leibhéal ard comhoibrithe ann i gcónaí idir m'Oifig agus comhlachtaí poiblí i gcaitheamh na mblianta. Cúis uchtaigh dom a fheiceáil sa tábla thíos, go bhfuil laghdú tagtha le blianta beaga anuas ar líon na n-uaireanta ar ghá dom mo chumhachtaí foirmiúla faoi Alt a fheidhmiú.

Fógraí alt 37



Mheas mé i mbliana nár ghá dom aon fhógra faoi alt 35 a eisiúint.

Deimhnithe reachtúla arna n-eisiúint ag Airí/Ard-Rúnaithe

Tugadh forálacha isteach faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 lenarbh fhéidir taifid áirithe a bhaint as réim an Achta um Shaoráil Faisnéise trí dheimhniúchán ó Aire nó ó Ard-Rúnaí Roinne. Tá na forálacha ábhartha in ailt 19, 20 agus 25 den Acht um Shaoráil Faisnéise agus foráiltear leo chomh maith nach mór tuarascáil a chur chuig m'Oifig a shonraíonn líon na ndeimhnithe den sórt sin arna n-eisiúint.

Alt 19

Is díolúine éigeantach é alt 19 a sholáthraíonn cosaint i leith taifead a bhaineann leis an Rialtas nó leis an gComh-Aireacht. D'athraíodh an sainmhíniú ar Rialtas le hAcht 2003 ionas go gcumhdófaí coiste oifigeach ceaptha ag an Rialtas chun freagairt díreach dó agus arna dheimhniú mar sin ag deimhniúchán i scríbhinn ón Ard-Rúnaí don Rialtas.

Chuir an tArd-Rúnaí don Rialtas in iúl dom nár eisigh sé aon deimhniú faoi alt 19 in 2010.

Alt 20

Is díolúine lánroghnach é alt 20 den Acht um Shaoráil Faisnéise, lena bhféadfaí taifid áirithe maidir le próiseas pléite comhlachta phoiblí a chosaint. I gcás Roinn Stáit, féadfaidh an tArd-Rúnaí deimhniúchán i scríbhinn a eisiúint go bhfuil ábhar i dtaifead ar leith a bhaineann le próiseas pléite na Roinne sin. I gcás ina n-eisítear deimhniú den sórt, ní féidir an taifead sonraithe a fhuascailt faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. I

ndáiríre, is díolúine éigeantach é ansin. Aisghairtear deimhniú den sórt in am trátha nuair a eisíonn an tArd-Rúnaí deimhniúchán i scríbhinn.

Tar éis dul i gcomhairle le gach Ard-Rúnaí, cuireadh in iúl do m'Oifig nár eisíodh aon deimhniú nua faoi alt 20 le linn 2010.

Cuireadh in iúl dom freisin nár aisghaireadh de réir fhorálacha alt 20(1A)(b) an deimhniú faoi alt 20 a d'eisigh Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí (mar a bhí) an 11 Lúnasa 2006 agus a ndearnadh tagairt dó i dTuarascálacha roimhe seo. Mar sin, tá sé fós i bhfeidhm. Tá cóip den fhógra ceangailte ag augisín I.

Alt 25

I gcás inar deimhin d'Aire Rialtais gur taifead díolmhaithe é an taifead lena mbaineann de bhun alt 23 (forfheidhmiú an dlí agus sábháilteacht an phobail) nó alt 24 (slándáil, cosaint agus caidreamh idirnáisiúnta) agus go bhfuil an taifead sách íogair nó sách tromaí chun gur chóir é a dhéanamh, féadfaidh an tAire sin, trí dheimhniú a eisiúint faoi alt 25(1), a dhearbhú go bhfuil an taifead díolmhaithe ó chur i bhfeidhm an Achta um Shaoráil Faisnéise. Ní mór don Aire (do na hAirí) lena mbaineann tuarascáil a sholáthar do m'Oifig gach bliain maidir le líon na ndeimhnithe a eisíodh agus maidir le forálacha alt 23 nó alt 24 den Acht um Shaoráil Faisnéise a raibh feidhm acu i leith an taifid (na dtaifead) díolmhaithe. Ní mór dom cóip d'aon tuarascáil den sórt sin a chur i gceangail le mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain lena mbaineann.

Tar éis dul i gcomhairle le gach Ard-Rúnaí, cuireadh in iúl do m'Oifig gur eisíodh ceithre dheimhniú nua in 2010, trí cinn an 21 Iúil 2010 ag an Aire Gnóthaí Eachtracha ag an am agus an ceathrú ceann an 13 Márta 2010 ag an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí ag an am ("*an tAire*") Athnuaigh an tAire dhá dheimhniú an 19 Feabhra agus an 13 Márta 2010 faoi seach i gcomhair tréimhse de dhá bhliain agus tá feidhm fós ag trí dheimhniú eile a luadh i mo Thuarascáil Bhliantúil 2009. Ciallaíonn sé sin go raibh feidhm ag sé dheimhniú faoi alt 25 a bhaineann leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí amhail 31 Nollaig 2010. Tá cóip den fhógra ón Ard-Rúnaí ceangailte in augisín I leis an Tuarascáil seo. Beidh athbhreithniú in 2011 faoi alt 25(7) den Acht um Shaoráil Faisnéise ar na deimhnithe a d'eisigh an tAire Gnóthaí Eachtracha ag an am.

Cuireadh fógra chugam le litir dar dáta 12 Eanáir 2011, gur dheimhin leis an Taoiseach ag an am, an tAire Airgeadais ag an am agus an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ag an am, de bhun alt 25(7) den Acht um Shaoráil Faisnéise, tar éis dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar na naoi ndeimhniú a bhí i bhfeidhm don tréimhse dar críoch Shamhain 2010, nárbh ghá aisghairm aon cheann de na naoi ndeimhniú sin a iarraidh. Tá cóip den fhógra ceangailte ag augisín II leis an Tuarascáil seo.

Achomharc chuig an Ard-Chúirt

Níor tugadh aon bhreithiúnas Ard-Chúirte in 2010 a bhain le cinntí a rinne m'Oifig.

Féadfaidh aon pháirtí in athbhreithniú, nó aon duine eile ar a bhfuil tionchar ag cinneadh de chuid m'Oifige, achomharc a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar phointe dlí. Ar leasú an Achta um Shaoráil Faisnéise in 2003, is féidir achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach faoi chinneadh na hArd-Chúirte.

Níor tugadh aon bhreithiúnas Ard-Chúirte ábhartha in 2010.

Athbhreithniú ar achtacháin a bhaineann le neamhnochtadh taifead

Déantar foráil faoin Acht d'athbhreithniú ar alt 32 den Acht um Shaoráil Faisnéise, gach cúig bliana. Bhí athbhreithniú den sórt sin le déanamh in 2009 ach ní dhearnadh go fóill é.

De réir Alt 32 den Acht um Shaoráil Faisnéise tá sé d'oibleagáid ar chomhlacht poiblí laistigh den Chéad Sceideal rochtain ar thaifead iarrtha a dhiúltú má tá nochtadh an taifid toirmiscthe ag foráil in haon achtachán sa reacht. Is é an t-aon imthoisc nach bhfuil feidhm le cumhdacht rúndachta ag baint léi nuair atá an fhoráil lena mbaineann liostaithe sa Tríú Sceideal leis an Acht um Shaoráil Faisnéise (Achtacháin a Eisiatar ó Fheidhm Alt 32).

Is foráil an-tábhacht í mar cuirtear na forálacha rochtana san Acht um Shaoráil Faisnéise faoi fho-ordú gach fhorála neamhnochta sa reacht ach amháin na forálacha sin a chuimsítear sa Tríú Sceideal leis an Acht um Shaoráil Faisnéise.

Tá foráil in Alt 32 go ndéanfar athbhreithniú ar a feidhm ag tréimhsí cúig bliana. Déantar an t-athbhreithniú sin a thionscain le tuarascálacha don do Chomhchoiste an Oireachtais um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí aonair i leith na bhforálacha um neamhnochtadh sa reacht atá laistigh de raon a Ranna aonair mar aon lena ndearcadh réasúnaithe ar cheart aon cheann de na forálacha um neamhnochtadh a leasú, a aisghairm nó ar cheart leanúint leo agus ar cheart iad a chuimsiú laistigh den Tríú Sceideal. Cuirtear na tuarascálacha faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais agus cuirtear

cóip chugam i mo cháil mar Choimisinéir Faisnéise. Cuirim mo thuairim agus mo chonclúidí faoi bhráid an Chomhchoiste, as mo stuaim féin nó ar iarratas ón gCoiste.

Rinneadh an chéad athbhreithniú den sórt sin i 1999 agus an dara ceann in 2004. Luaigh mé i mo Thuarascáil Bhliantúil dheiridh chomh míshásúil is a bhí athbhreithniú na bliana 2004 inar vótáil an Coiste de réir a bpáirtithe polaitiúla chun tacú leis an Aire ábhartha i ngach cás inar easaontaigh mé le moltaí na nAirí sin forálacha neamhnochtadh reatha a choinneáil.

Ba cheart an tríú athbhreithniú den sórt sin a thionscain in 2009, chun cloí leis an amscála de réir alt 32(6) den Acht um Shaoráil Faisnéise. Chuir mé an t-ábhar ar a shúile don Chomhchoiste tríd a Chathaoirleach ag an am agus don Aire Airgeadais ag an am. Tá an-díomá orm a rá nach ndearnadh aon dul chun cinn in 2010, agus nuair a lánscoireadh an Dáil, ní raibh ceathrar de na cúigear déag Airí Rialtais ag an am tar éis a dtuarascálacha tionscnaimh a chur ar fáil don Chomhchoiste in 2009 mar a cheanglaítear orthu de réir théarmaí alt 32(3) den Acht um Shaoráil Faisnéise.

De bharr thábhacht an Achta um Shaoráil Faisnéise is cúis díomá dom nár ghlac an Chomhchoiste cúram ar an bpróiseas athbhreithniúcháin cé gur thug dhá Theach an Oireachtais údarú dó. Creidim go bhfuil sé tábhachtach athbhreithniú a dhéanamh ar alt 32 gan a thuilleadh moille.

Comhthiomsú staitisticí

Tuigim gur tasc am-íditheach é comhthiomsú staitisticí do chomhlachtaí poiblí, agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí leanúnacha chun staitisticí cruinne a sholáthar le haghaidh na Tuarascála seo. Tá deacracht fós ann na staitisticí a fháil go tráthúil ó na comhlachtaí poiblí atá i gceist. Ardaíodh an cheist seo leis na húdaráis cuí.

Cúrsaí foirne

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo fhoireann agus le mo chomhghleacaithe as an dtacaíocht atá tugtha acu dom go háirithe i rith na bliana 2010. Gabhaim buíochas leis an Ard-Stiúrthóir, Pat Whelan agus na h-Imscrúdaitheoirí Sinsearacha, le Seán Garvey agus Elizabeth Dolan as a gcomhpháirt agus freisin le Ciarán O'Donnchú, Brenda Lynch, Phyllis Flynn, agus le foireann na nAonad Cumarsáide agus TE, as a gcabhair ag cur na Tuarascála seo le chéile.

Níor tháinig aon athrú ar an líon foirne i m'Oifig le linn 2010.

Caibidil 2

Lenihan paved way for some bank staff to receive payouts

ALLIED IRISH Banks successfully lobbied Minister for Finance Brian Lenihan last year for permission to pay bonuses to overseas staff and those with pre-existing contracts for bonus payments.

AIB asked Minister to waive curbs on bonuses

bank lending

Lenihan has insisted Nama will 'strengthen' credit

THE INTERNATIONAL Monetary Fund (IMF) told Minister for Finance Brian Lenihan last April that the National Asset Management Agency (Nama) would not lead to a significant increase in lending by the banks.

Nama

Caibidil 2: Saincheisteanna a tháinig chun cinn

Tabharfaidh mé gearrchuntas sa chaibidil seo ar chuid de na saincheisteanna a tháinig chun cinn le linn fheidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise i gcaitheamh 2010. Baineann na saincheisteanna áirithe ar mian liom d'aird a dhíriú orthu leo seo a leanas:

- Comhlachtaí poiblí nach bhfuil faoi réim an Achta um Shaoráil Faisnéise,
- Comhlachtaí poiblí a bhaint amach as réim an Achta um Shaoráil Faisnéise,
- Cuspóir an Achta um Shaoráil Faisnéise - cultúr oscailteachta a chruthú,
- D'fhéadfaí acmhainní tearca a spáráil dá mbeadh cultúr ann ina ndéanfaí taifid a fhoilsiú agus a fhuascailt,
- Cleachtais neamh-inghlactha na gcomhlachtaí poiblí,
- Breitheanna a thug na Cúirteanna in 2010, agus
- Athbhreithnithe Oifig an Choimisinéara Faisnéise a raibh trácht orthu sa nuacht.

Comhlachtaí poiblí nach bhfuil faoi réim an Achta um Shaoráil Faisnéise

Tá a lán príomhchomhlachtaí nach féidir a iniúchadh faoin Acht, mar shampla, An Garda Síochána, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS). Thug mé le fios i mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2009, agus go minic ar ócáidí eile go mba ábhar imní dom an scéal.

In ainneoin a liacht éileamh a rinne mé le blianta anuas, is cúis díomá dom a thabhairt faoi ndeara nach ndearnadh aon rialacháin atá faoi athbhreithniú agam ó 2006 chun comhlachtaí breise san earnáil phoiblí a chur faoi réim an Achta. Ar an ábhar sin tá na comhlachtaí poiblí sa liosta thíos ar na comhlachtaí sin nach mbaineann saoráil faisnéise leo:

- An Garda Síochána, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, Oifig an Choimisinéara Iarratas Dídeanaithe, Oifig an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe, An Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha;
- An Banc Ceannais na hÉireann agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, GNBS, Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát; agus
- An 33 Coiste Gairmoideachais, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, an Bord Sásamh d'Institiúidí Cónaithe agus an Lár-Oifig Iontrála.

Tá sé á rá agam le fada nár cheart go mbeadh comhlachtaí lasmuigh de raon an Achta um Shaoráil Faisnéise ach gur cheart dóibh leas a bhaint as na forálacha díolúine ábhartha atá san Acht chun rochtain ar thaifid áirithe a dhiúltú má mheasann siad nár chóir iad a chur ar fáil.

Comhlachtaí poiblí a bhaint amach as réim an Achta um Shaoráil Faisnéise

Léirigh mé i mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2009 agus go minic in áiteanna eile an díomá a bhí orm gur socraíodh nach mbeadh comhlachtaí poiblí faoi raon an Achta um Shaoráil Faisnéise a thuilleadh gan oiread agus focal a bheith ráite le m'oifig faoin scéal. Cúis mhór díomá dom gur leanadh den nós sin.

Léirigh mé an díomá a bhí orm san am atá thart gur socraíodh nach mbeadh comhlachtaí poiblí nó feidhmeanna éagsúla de chomhlachtaí poiblí a bhíodh faoi raon an Achta um Shaoráil Faisnéise faoina raon a thuilleadh. Áirítear leo sin feidhmeanna forfheidhmithe an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, na feidhmeanna sábháilteachta bóithre atá ar bun anois ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus feidhmeanna Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas atá ar bun anois ag an Údarás Clárúcháin Maoine.

Ordaíodh go sonrach sna rialacháin a rinneadh in 2006 go mbeadh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi réim an Achta um Shaoráil Faisnéise. Thug an tAire Iompair ag an am reachtaíocht isteach, áfach, a chuir srian le feidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise sa chaoi nach mbainfeadh sé feasta ach le taifid sin an Lia-Bhiúró a bhain le cúrsaí ginearálta riaracháin amháin, agus go mbeadh díolúine acu maidir le taifid na heagraíochta a bhain le feidhmeanna na heagraíochta féin agus nach bhféadfaí iad a shaoradh faoin Acht. Rith an tOireachtas an reachtaíocht an 20 Iúil 2010. Tugadh an fhuascailt seo tamall gearr tar éis dó argóint a dhéanamh nár cheart go mbeadh a fheidhmeanna, faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, faoi réim an Achta agus

nuair a bhí athbhreithniú á dhéanamh ag m'Oifigse ar an scéal (Féach Caibidil 3). I mo thuairim, is céim ar gcúl a bhí ann i leith na hoscailteachta agus na trédhearcachta.

Cuspóir an Achta um Shaoráil Faisnéise - cultúr oscailteachta a chruthú

Is cosúil go léiríonn a laghad iarratais chuig m'Oifigse go bhfuil an pobal i gcoitinne sásta tríd is tríd go bhfuil comhlachtaí poiblí ag déileáil le hiarratais maidir le rochtain ar thaifid ar an mbealach oscailte trédhearcach. Is mian liom d'aire a dhíriú, áfach, sa chuid seo ar dhá chás nuair nár leanadh an cur chuige sin.

Tá feidhm leis an Acht um Shaoráil Faisnéise le 12 bhliain anois ach is cosúil ó chuid de na cinntí a dhéantar nach dtuigeann comhlachtaí poiblí an ceart reachtúil a thugann an tAcht do bhaill an phobail na taifid sin atá ag na comhlachtaí poiblí atá faoi réim an Achta a rochtain. D'aithin na Cúirteanna, áfach, an t-athrú ollmhór ó thaobh oscailteachta agus trédhearcachta a rinne an tAcht um Shaoráil Faisnéise ar chúrsaí riarachán poiblí. Mar shampla, bhí an méid seo a leanas le rá ag an mBreitheamh McKechnie ina bhreithiúnas sa chás Deely v. An Coimisinéir Faisnéise [2001] IEHC 91, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (is féidir teacht ar téacs an bhreithiúnais ag www.oic.gov.ie):

"*Ní haon áibhéil a rá faoin rith [an Achta] go raibh tionchar an-éifeachtach go deo aige ar rochtain an phobail ar thaifid atá ag comhlachtaí poiblí agus ar fhaisnéis maidir le gníomhartha áirithe a rinne na comhlachtaí sin agus a bhfuil baint acu leis na daoine sin nó ar spéis leo iad. Achtaíodh é d'fhonn freagracht agus trédhearcacht a chruthú ar bhealach nár samhlaíodh cheana, gan trácht ar é a bheith ar fáil ag an bpobal i gcoitinne. Tá a lán daoine ann a déarfadh go gcruthaíonn sé an oscailteacht sin a mhúsclaíonn creideamh agus muinín agus go mbeidh breis muiníne ag an bpobal dá bharr as eagraíochtaí Bunreachtúla an Stáit,*"

agus

"*Is é an cuspóir soiléir atá leis ná, faoi réir eisceachtaí sonracha a sainíodh, go mbeadh na cearta a bhronnann sé ar bhaill an phobail agus ar fheidhmiú na gcearta sin chomh forleathan agus is féidir, agus go gcaithfear féachaint ar an gcuspóir sin i gcomhthéacs agus ar bhealach le cur go dearfa leis na haidhmeanna, na prionsabail agus na beartais atá mar bhunús an reachta seo, faoi réir srianta riachtanacha amháin...*"

Thacaigh an Chúirt Uachtarach leis an dearcadh seo faoi réimse leathan na gcearta a chuireann an tAcht um Shaoráil Faisnéise ar fáil sa chás Barney Sheedy v. An Coimisinéir Faisnéise [2005] IESC 35 (tá téacs an bhreithiúnais le fáil freisin ag www.oic.gov.ie), áit a ndúirt an Breitheamh Fennelly:

"*Beart fíorthábhachtach ab ea é nuair a ritheadh an tAcht um Shaoráil Faisnéise. Ba chéim í a rinne an tOireachtas a chíoradh go mion agus a mheá go cúramach agus a rinne athrú ó bhonn ar thoimhdí agus ar chultúr riaracháin a bhí ann leis na céadta bliain. Cuireann sé cultúr na hoscailteachta in áit cultúr na rúndachta. Dearadh é le go bhfeadfaí breathnú ar obair an rialtais agus lucht riaracháin. Níor ceapadh é chun mian na meán a shásamh agus scéalta a sholáthar dóibh. Téann sé chun tairbhe gach saoránach.*"

Maidir le ráta na n-achomharc a cuireadh faoi bhraíd m'oifige le bliaita anuas, admháitean go raibh sé íseal. Tuairiscím anseo ar dhá chás ina ndearna comhlachtaí poiblí iarracht taifid a choinneáil siar ar bhealach nach dóigh liom a bheith ag teacht leis an "gcultúr oscailteachta" a dhéanann an tAcht um Shaoráil Faisnéise iarracht a chur chun cinn.

An Seanadóir Marc MacSharry agus FSS an Iarthair – cás uimh. 090192

Sa chás seo is éard a bhí in argóintí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte i ndáiríre ná éileamh ar dhíolúine bunaithe ar aicme maidir le tuarascálacha eatramhacha a bhain le díospóireachtaí le foireann na hearnála poiblí, in ainneoin a raibh sna tuarascálacha sin nó an t-am a nochtfaí iad.

Iarradh ar FSS sa chás seo tuarascáil eatramhach a sholáthar a d'eascair ón gclár athbhreithnithe cáilíochta a chuir an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte ar bun in 2008, i gcomhréir leis an gClár Náisiúnta um Rialú Ailse. Ba é fócas na tuarascála eatramhaí sa chás seo ná ullmhacht na seirbhísí maidir le seirbhísí do shiomptóim chíche in Ospidéal Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ó thaobh na na gCaighdeán Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta i gcomhair Caighdeán maidir le Siomptóim Chíche. Tá Ospidéal na Gaillimhe sainithe mar cheann den ocht ionad speisialtóireachta i gcomhair cúram ailse in Éirinn. Bhí an clár athbhreithnithe cáilíochta le bheith curtha i gcrích faoi mhí na Nollag 2009, agus bhíothas ag súil go mbeadh na hionaid ainmnithe go léir i mbun feidhme go hiomlán agus ag cloí leis na caighdeáin faoin am sin.

In ainneoin gur foilsíodh tuarascáil scoir an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte fad a bhí m'Oifigse ag athbhreithniú an scéil bhí sé d'argóint ag FSS agus ag an Údarás

go bhfásfadh cultúr a dhiúltódh comhoibriú a dhéanamh nó a laghdódh comhoibriú dá nochtfaí an tuarascáil eatramhach, agus ar an ábhar sin go mbeadh ar an Údarás chur chuige na sáraíochta agus cur chuige níos ionsaithigh a ghlacadh maidir le cigireachtaí agus athbhreithnithe feasta. Níor ainmnigh an FSS ná an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte aon chodanna ar leith den tuarascáil eatramhach a bheadh "*baol fíor agus cinnte*" ann go gcuirfeadh sé bac ar chomhoibriú amach anseo, mar a d'áitigh an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte. D'áitigh an tÚdarás ó thaobh leasa an phobail de, i bhfianaise a cuireadh ar fáil sa tuarascáil scoir, nach gcuirfeadh foilsiú na tuarascála eatramhaí go mór le tuiscint an phobail ar a gníomhartha ná ar a cinntí; agus ar an ábhar sin gur beag leasa a bhainfeadh an pobal as an t-iarratas a cheadú.

Bíonn roinnt taifead díolmhaithe óna bhfuascailt faoin Acht um Shaoráil Faisnéise má bhaineann siad le haicme nó le catagóir áirithe (m.sh. déantar foráil le halt 19 do dhíolúine thaifead Rialtais). Sa cásanna sin, is é an t aon riachtanas atá ann le go mbeidh an taifead díolmhaithe ná go mbaineann sé le catagóir áirithe. In ailt eile áfach, ní mór don chomhlacht poiblí a léiriú gur dócha go mbeadh dochar ar leith mar thoradh ar fhuascailt taifead (amhail alt 20 agus 21 ar a rabhthas ag brath sa chás sin) más mian leo go mbeidh na taifid sin díolmhaithe. Ba é an argóint a bhí ag FSS go praiticiúil ná gur chóir go mbeadh tuarascálacha eatramhacha ina ndéantar plé le baill foirne, mar aicme taifead, díolmhaithe is cuma dá mbeadh dochar ar leith ag baint lena bhfuascailt agus beag beann ar nádúr na faisnéise sna tuarascálacha ná ar dháta a n eisiúna. Ba é an cinneadh a rinne mé ná nach bhféadfaí glacadh le héileamh ar díolúine bunaithe ar aicme faoi Alt 21(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise maidir lena leithéid de thuarascálacha eatramhacha agus nár chomhlíon FSS ná an tÚdarás a ndualgas maidir le cruthú go mbeadh díolúine acu sa chás seo.

Ba é a dúirt mé maidir le leas an phobail sa chinneadh gur mheas mé gur cheart go mbeadh an oiread oscailteachta agus trédhearcachta agus is féidir faoi conas a fheidhmíonn na hionaid sainithe speisialtóireachta i gcomhthéacs na gcaighdeán náisiúnta agus gur thug mé le fios nach gcuirfeadh scaoileadh na tuarascála eatramhaí ina iomláine ar fáil ach na sonraí maidir leis na heaspaí a fuarthas ar lá na cuairte bailíochtaithe i Meán Fómhair 2008. Thug mé le fios go bhféadfaí an tuarascáil eatramhach a léamh mar aon leis an tuarascáil scoir chun léiriú níos iomláine a fháil ar fhorbairt agus ar fheabhsú na seirbhísí maidir le galar siomptómach cíche ag Ospidéal na Gaillimhe faoin gClár Náisiúnta Rialaithe Ailse. Dúirt mé freisin dá gcuirfí ar fáil é faoin Acht um Shaoráil Faisnéise go bhféadfadh baill an phobail ceisteanna feasacha a chur faoin dul chun cinn a bhí déanta ag Ospidéal na Gaillimhe faoin gclár athbhreithnithe cáilíochta. Chinn mé go ndéanfaí freastal níos fearr ar leas an phobail trí rochtain ar an bhfaisnéis a cheadú ná trína diúltú.

An tUas. X agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) – cás uimh. 090154

Chinn mé sa chás seo gur cheart go mbeadh rochtain ag an iarratasóir ar dhréacht-tuarascálacha na n-imscrúduithe a rinneadh ar bhás a fir chéile ach ar dhiúltaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iad a sholáthar.

Bhain an cás seo le hiarratas ar rochtain ar dhréacht-tuarascálacha a rinneadh ar bhás fir chéile an iarratasóra tar éis gnáthaimh máinliachta ag Ospidéal Ginearálta Chiarraí Sna cinntí bunaidh agus athbhreithnithe inmheánacha, ba chosúil go ndearna an FSS éilimh díolúine bunaithe ar aicme maidir le haon dréacht-tuarascáil, is cuma dá mbeadh dochar ar leith ag baint lena bhfuascailt agus beag beann ar nádúr na faisnéise sna tuarascálacha sin. Ní fhaca mé aon neamhréireachtaí idir na dréacht-tuarascálacha ar thaobh amháin agus an tuarascáil dheiridh ar an taobh eile a d'fhéadfadh aon bhaol míthuisceana a bheith ann dá mbarr, agus níor thacaigh inneachar na dtuarascálacha leis an dearcadh go raibh cur síos níos neamhfhabhraí déanta ar aon bhall foirne aonair sna dréacht-tuarascálacha ná mar a léiríodh sa tuarascáil dheiridh. Thug mé faoi deara nach raibh sna "leasuithe" a d'aithin an tOspidéal ach athruithe ar stíl nó athruithe eagarthóireachta a rinneadh agus na dréacht-tuarascálacha á gcur isteach sa tuarascáil dheiridh.

I mo chinneadh, mheas mé nach mór déileáil le haon iarratas ar dhréacht-tuarascáil imscrúdaitheach ar a thuillteanas i bhfianaise inneachar gach taifid ar leith lena mbaineann agus i bhfianaise fíricí agus cúinsí ábhartha an cháis. Chinn mé nach raibh bunús le héilimh FSS ar dhíolúine faoi Alt 21(1)(a) agus (b) den Acht um Shaoráil Faisnéise. Thug mé le fios sa chinneadh go mbítear ag súil leis de ghnáth go n-iompródh cleachtóirí míochaine iad féin ar bhealach gairmiúil comhoibritheach maidir le himscrúduithe. Níor ghlac mé ach oiread lenar mhaígh FSS go ndéanfadh na gnáthmhodhanna imscrúdaithe dochar d'fhoilsiú na tuarascála nuair a bheadh an t-imscrúdú thart. Ó thaobh leas an phobail de chinn mé gurb é leas deimhneach an phobail é a cinntiú go dtabharfaí gach eolas don iarratasóir mar neasghaol an othair faoin gcúram a tugadh dó agus faoin gcóireáil a cuireadh air sula bhfuair sé bás. Chinn mé freisin gurb é leas deimhneach an phobail é go dtabharfaí gach eolas don iarratasóir faoi na próisis agus faoi thoradh an imscrúdaithe faoi thosca báis a fir chéile.

D'fhéadfaí acmhainní tearca a spáráil dá mbeadh cultúr ann ina ndéanfaí taifid a fhoilsiú agus a fhuascailt

Sna cúinsí reatha ina bhfuil brú ar acmhainní comhlachtaí poiblí, spreagaim iad chun dearcadh a ghlacadh, agus iad ag láimhseáil iarratais saorála faisnéise, chun tuilleadh faisnéise a chur ar fáil go poiblí d'fhonn an méid acmhainní a úsáidtear chun iarratais saorála faisnéise a phróiseáil a laghdú.

Mar thoradh ar chúinsí eacnamaíochta reatha agus ar an laghdú dá réir ar an bhfoireann oibre san earnáil phoiblí, tá níos mó dúshláin ná riamh roimh chomhlachtaí poiblí, maidir le héileamh ar a n-acmhainní agus a gcumas seirbhís d'ardchaighdeán a sholáthar don phobal. Is léir ó na staitisticí i gcaibidil 1 go mbaineann an pobal níos mó úsáide as saoráil faisnéise mar thoradh ar chiorruithe ar chaiteachas. Spreagaim comhlachtaí poiblí cleachtais a ghlacadh ina gcuirtear tuilleadh faisnéise ar fáil trína suíomhanna gréasáin, chun an méid acmhainní a úsáidtear chun iarratais ar shaoráil faisnéise a phróiseáil a laghdú. Spreagaim comhlachtaí poiblí freisin dearcadh a ghlacadh, agus iad ag láimhseáil iarratas ar shaoráil faisnéise, gur dóigh go nglacfar leis an iarratas, chomh fada is go gcomhlíonann sé na srianta riachtanacha. Sheachnódh sé seo an gá don chomhlacht poiblí acmhainní, atá ag éirí an-ghann, a chur amú trí oifigeach breise a chur ag obair ar phróiseas achomhairc inmheánaigh agus acmhainní a chaitheamh ar chásanna a chuirtear ar achomharc chuig m'Oifigse ina dhiaidh sin.

Cé go bhfuilim sásta go bhfuil ardleibhéal comhoibrithe ann tríd is tríd i measc comhlachtaí poiblí a dhéanann iarratas ar rochtain ar thaifid faoi shaoráil faisnéise, tá roinnt cleachtais fós ann a chuireann imní orm, agus ar mian liom d'aird a tharraingt orthu.

Is mian liom d'aird a dhíriú ar dhá chás, a chuir m'Oifig i gcrích i rith na bliana, ina raibh moill do-ghlactha ar thaobh na gcomhlachtaí poiblí de, ag scaoileadh na dtaifead.

Sna dhá chás, fuair na hiarratasóirí rochtain ar líon suntasach taifead ar deireadh. Tarraingíonn na cásanna seo aird ar chúinsí ina bhféadfaí taifid a scaoileadh níos tráthúla, rud a shábhálfadh am agus acmhainní an chomhlachta poiblí agus m'Oifige, agus a chuirfeadh seirbhís níos fearr ar fáil don chustaiméir ag an am céanna.

I gcás amháin (cás uimhir 100062) Iorg an Sunday Times sonraí áirithe ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) maidir le pá agus costais na

ndlíodóirí a bhí ag obair do Bhinse Fiosrúcháin Mahon (an Binse Fiosrúcháin) agus taifid maidir le cén uair a d'fhéadfadh deireadh a theacht leis an mBinse Fiosrúcháin. Rinne mo fhoireann oibre iarracht socrú a dhéanamh idir na. Bhí an t-iarratasóir agus an Binse Fiosrúcháin sásta an cás a shocrú bunaithe ar na moltaí ó m'Oifig. Lean an Roinn ag díospóireacht faoi scaoileadh chuid de cheann de na taifid, áfach, cé gur dhearbhaigh an Binse Fiosrúcháin nach raibh aon fhadhb aige le scaoileadh na faisnéise seo. Cé go nglacaim go hiomlán leis an gceart atá ag comhlacht poiblí cinneadh foirmiúil a lorg maidir le haon iarratas a mbeidh tionchar aige air, ní raibh aon ghá, i mo thuairim, don Roinn cinneadh foirmiúil a áitiú sa chás seo, os rud é nach raibh aon agóid ag an bpáirtí ábhartha (an Binse Fiosrúcháin) i gcoinne scaoileadh an taifid ábhartha, agus is cur amú acmhainní na hOifige seo a bhí i gceist.

Sa dara cás, lorg an Sunday Times taifid áirithe ón Roinn Airgeadais (an Roinn) maidir leis an ráthaíocht a thug an Rialtas do bhainc na hÉireann (féach cás uimhir 090028 i gcaibidil 3). Chuimsigh an t-iarratas ar shaoráil faisnéise timpeall 100 taifead, agus os cionn 800 leathanach. Rinne an Roinn roinnt aighneachtaí fada ag tabhairt na gcúiseanna ar mhaígh sí gur chóir gach leathanach de na taifid a bhí i gceist a choinneáil siar. Luadh roinnt eisceachtaí maidir le formhór na dtaifead, agus bhí ar m'Oifig gach ceann acu a láimhseáil mar chuid dár n-athbhreithniú. Ar deireadh, thángthas ar shocrú inar scaoileadh go leor de na taifid. Dúirt an Roinn gur "*brú gan fasach*" ar a foireann oibre san earnáil baincéireachta ó Mheán Fómhair 2008 i leith ba chúis le moilleanna i gcomhfhreagras le m'Oifig, ach bhain sí úsáid as leibhéal suntasach acmhainní foirne chun aighneachtaí fada a réiteach ag argóint ar son díolúine taifead ar ghlac sí leis ina dhiaidh sin a d'fhéadfaí a scaoileadh gan cinneadh ceangailteach ó m'Oifig. Creidim go mbeifí tar éis go leor ama agus acmhainní a shábháil don Roinn agus do m'Oifig dá mbeifí tar éis cuid de na taifid seo a scaoileadh níos luaithe.

Cleachtais neamh-inghlactha na gcomhlachtaí poiblí.

Chuir Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) bac ar fheidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise

Bhí iompar FSS do-ghlactha agus bhí sé de thionchar aige bac a chur ar fheidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise.

I gcás an Sunday Times agus FSS, cás uimh. 090191, lorgaíodh taifid a bhain le socrú idir FSS agus conraitheoir otharchairr príobháideach. Láimhseáil FSS an t-iarratas seo go dona. Bhí moill agus iomrall ag baint leis an gcaoi ar láimhseáladh an cás agus a soláthraíodh sraith iomlán taifead. Níor míníodh na fadhbanna seo go sásúil dom riamh, cé gur thug m'Oifig cuireadh do FSS cúiseanna a thabhairt maidir leis an méid a tharla. Ina theannta sin, fuair m'Oifig freagraí míthreoracha agus neamhiomlána ar a hiarrachtaí na saincheisteanna agus na taifid a bhí faoi athbhreithniú a shoiléiriú agus a scrúdú. Bhí ar m'Oifig fógra alt 37 (féach caibidil 1) a eisiúint ag éileamh ar FSS an taifead a bhí fós le cur ar fáil aici, a léirigh an líon a íocadh mar thoradh ar an gcás Ard-Chúirte in 2008, a chur ar fáil. Ba é an tionchar a bhí ag iompar FSS maidir leis an iarratas agus an athbhreithniú ná bac a chur ar fheidhmiú an Achta um Shaoráil Faisnéise maidir le rochtain ar thaifid agus moill a chur ar athbhreithniú agus imscrúdú m'Oifige chun féachaint cibé an raibh diúltú na dtaifead dlisteanach.

I mo chinneadh, mheas mé gur theip ar FSS a dhualgas cruthúnais a chomhlíonadh, faoi alt 34(12)(b), chun a léiriú go raibh na díolúintí ar a raibh siad ag brath, alt 20, 21 agus 27 den Acht um Shaoráil Faisnéise, infheidhme. Níor fhéach FSS do leas an phobail mar a cheanglaítear air a dhéanamh faoi fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Leagan de thaifead atá curtha in eagar chun críche iarratais ar shaoráil faisnéise

Réitigh Comhairle Contae Ros Comáin (an Chomhairle) leagan de thuarascáil a bhí curtha in eagar le meas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

In ABC Teo. agus Comhairle Contae Ros Comáin, cás uimh. 080284, bhí an t-iarratasóir ag lorg rochtana ar an Tuarascáil Tairiscintí i dtaca le conradh ar sholáthar uisce réigiúnach. I rith an athbhreithnithe, thug mé faoi deara go raibh doiciméad dar teideal "*Edited Version for Access to Information Purposes*" réitithe ag an gComhairle,

agus gur é seo, seachas an buntuarascáil eagraithe, a eisíodh. I mo chinneadh, dúirt mé go bhféadfadh an cleachtas taifead ar leith ón mbuntaifead a réiteach lucht déanta cinntí a chosc ó fhéachaint ar gach taifead ar a fhiúntas féin trí thagairt do fhorálacha díolúine an Achta um Shaoráil Faisnéise agus an tástáil chothromúcháin riachtanach maidir le leas an phobail. D'fhéadfaí a rá nach bhfuil aon stádas ag an leagan a cuireadh in eagar sa mhéid is go raibh an t-iarratas déanta i gcomhair na mbuntaifead a cruthaíodh. Ba chóir d'aon leagan de thaifead a scaoiltear i bhfoirm eagraithe faoi shaoráil faisnéise cur ar chumas iarratasóra a fheiceáil go bhfuil codanna scriosta agus ba chóir go léireofaí sa chinneadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise na cúiseanna gur cháiligh na sleachta sin do dhíolúine.

Droch-láimhseáil cáis ag údarás áitiúil, ach freagairt dearfach uaidh i leith nótaí tráchta

Ghlac Comhairle Contae Chorcaí (an Chomhairle) go míchruinn leis an gcur chuige gur bhain pribhléid dlí go huathoibríoch le haon taifead a bhí i seilbh a Rannóige Dlí agus go raibh aon taifead ar bhain pribhléid dlí leis taobh amuigh de raon an Achta um Shaoráil Faisnéise. Mar fhreagra ar cháineadh ó m'Oifig inár gcinneadh, chuir an Chomhairle oiliúint fhorleathan ar fáil dá foireann oibre i gcúrsaí a bhain le saoráil faisnéise.

In X agus Comhairle Contae Chorcaí, cás uimh. 090217, lorg an t-iarratasóir taifid a bhí i seilbh na Comhairle maidir leis an Acht um Bainistiú Dramhaíola. Ina cinneadh athbhreithnithe inmheánaigh, dúirt an Chomhairle leis an iarratasóir go raibh sí tagtha ar 85 taifead ábhartha breise nár nochtadh sa chinneadh tosaigh. I rith an athbhreithnithe a rinne m'Oifig, tháinig sé chun solais go raibh an Chomhairle tar éis a mheas, go míchruinn, gur bhain pribhléid dlí le haon taifead a bhí i seilbh rannóg dlí na Comhairle. D'éiligh sí freisin gur thuig sí go raibh aon taifid ar bhain pribhléid dlí ghairmiúil leo taobh amuigh de raon an Achta um Shaoráil Faisnéise agus is cosúil nár mheas sí gur chóir di an t-iarratasóir a chur ar an eolas go raibh a leithéid de thaifid ann agus nach raibh siad á scaoileadh chuige. Rinne an Chomhairle scrúdú ar na taifid ina dhiaidh sin, agus scaoil sí a bhformhór chuig an iarratasóir.

Ba mhór an t-ardú croí dom an dearcadh an-dearfach a ghlac an Chomhairle maidir le nótaí tráchta uaim sa chás seo, ar a n-áirítear oiliúint fhorleathan i gcúrsaí saorála faisnéise a chur ar fáil don fhoireann agus faisnéis a thabhairt do lucht déanta cinntí chun cabhrú leo cinntí d'ardchaighdeán a dhéanamh faoi shaoráil faisnéise.

Breitheanna a thug na Cúirteanna in 2010

Cás sa Chúirt Uachtarach

I dTuarascáil na bliana seo caite, thagair mé agus thug mé achoimre ar bhreithiúnas na hArd-Chúirte i gcás Gobharnóirí agus Caomhnóirí an Ospidéil Faoisimh do Mhná Bochta i Luí Seoil, Baile Átha Cliath (Ospidéal an Rotunda) agus an Coimisinéir Faisnéise [2009] IEHC 315 Breithiúnas an Bhreithimh Patrick McCarthy, 2 Iúil 2009. Thagair mé don achomharc a rinne an tOspidéal chuig an gCúirt Uachtarach i gcoinne na dtorthaí agus trí mheicníocht dlí Fógra Éagsúlaithe, d'ardaigh mé roinnt ceisteanna eile le réiteach san achomharc sin.

D'éist an Chúirt Uachtarach an cás seo an 14-15 Meitheamh 2010 agus tá an breithiúnas forchoimeádta sa chás.

Cásanna Ard-Chúirte

Níor tugadh aon bhreithiúnais Ard-Chúirte in 2010 maidir le cásanna a tógadh i gcoinne chinntí m'Oifige.

Athbhreithnithe Oifig an Choimisinéara Faisnéise a raibh trácht orthu sa nuacht

Tá go leor tráchta déanta sna meáin ar chinntí a ghlac m'Oifig maidir le hiarratais ar shaoráil faisnéise eile, amhail is a bhí sna blianta roimhe, agus tugaim roinnt samplaí díobh seo thíos.

Irish Independent
15 Márta 2010
HSE blasts top crèche for use of harsh discipline
Shane Phelan
Investigative Correspondent

"……vehemently disputed some of the HSE's findings, attempted to block the release of the report to the Irish Independent under the Freedom of Information Act. However, the Office of Information Commissioner Emily O'Reilly ruled the report should be released."

Irish Medical Times
2 Aibrean 2010
Information Commissioner annuls HSE charges decision
Medico-legal

"Ed Madden, BL, on a recent Information Commissioner case in which a former patient of Cork University Hospital challenged a decision to charge him for copies of x-rays."

Irish Times
30 Lúnasa 2010
IMF queried bank's sell-off strategy
Simon Carswell

"The International Monetary Fund queried as far back as April 2009 the value of Allied Irish Bank's disposing of assets to generate capital, saying it assumed the market had priced this in. The IMF questioned the sales in meetings for its 2009 assessment of the Irish economy. The opinion is contained in records released under the Freedom of Information Act by the Department of Finance following an appeal by the Irish Times to the Information Commissioner against the withholding of certain files by the Department."

Industrial Relations News
27 Eanáir 2011
Freedom of Information body backs AGSI request over ICTU
Colman Higgins

"The AGSI body is entitled to information about the refusal of the Department of Justice, Equality and Law Reform to allow it to affiliate to the ICTU, according to the Information Commissioner."

Irish Medical News
10 Eanáir 2011
Transforming the HSE South
Priscilla Lynch

"The planned reconfiguration of acute services in the HSE South including: Cork University Hospital (CUH); Mallow General Hospital; Bantry General Hospital; Mercy University Hospital (MUH), South Infirmary Victoria University Hospital (SIVUH); and Kerry General Hospital (KGH), was initially shrouded in secrecy and the HSE was roundly criticised for hiding its plans on the region and attempting to begin rolling them out before publishing its vision. ……..

….the report was finally released to IMN after a successful appeal to the Information Commissioner under the Freedom of Information Act (FOI)."

Caibidil 3

Anglo

The HSE's internal audit team examined foster care only in the southern region.

Serious questions raised over vetting of foster carers

FitzPatrick told government €1.5bn would save Anglo

Former Anglo Irish Bank executives Sean FitzPatrick and David Drumm put pressure on the government to provide massive financial help to the ailing bank just days before their controversial exits from the company, according to confidential documents.

Caibidil 3: Cinntí

Cinntí foirmiúla

Dhéileáil m'Oifigse le 228 cás san iomlán i gcaitheamh 2010. Faoi mar a luaigh mé i gcaibidil 1 de mo Thuarascáil, cuimsíonn an figiúr seo cinntí foirmiúla, socruithe, cásanna a aistarraingíodh, cásanna neamhbhailí agus cásanna nár leanadh ar aghaidh leo. Déanfaidh mé plé sa chaibidil seo ar an 43% de na cásanna ar leanadh ar aghaidh leo go dtí go ndearnadh cinneadh foirmiúil fúthu. Tá comparáid sa tábla thíos idir torthaí na gcásanna a ndearnadh cinntí foirmiúla fúthu sna blianta 2008, 2009 agus 2010.

Comparáid i gcéatadáin de chinntí foirmiúla 2008-2010



Maidir leis na cásanna sin ar leanadh ar aghaidh leo go dtí go ndearnadh cinntí foirmiúla fúthu is léir gur chuir an Oifig cinntí comhlachtaí poiblí ar ceal i gcéatadán níos airde cásanna in 2010 ná mar a rinne sí i mblianta comparáideacha (15% in 2010, i gcomparáid le 6% in 2009 agus 9% in 2008). Lena chois sin, sheas an Oifig

le cinntí comhlachtaí poiblí i níos lú cásanna in 2010 ná mar a rinne sí i mblianta comparáideacha (67% de chásanna in 2010, i gcomparáid le 77% in 2009 agus le 73% in 2008).

Ghlac mé cinneadh díriú ar líon beag den 99 cinneadh foirmiúil a eisíodh i rith 2010 chun pointí a aibhsiú ar díol spéise iad do chomhlachtaí poiblí agus dóibh siúd a bhaineann leas as saoráil faisnéise. Is féidir téacs iomlán na gcinntí sin, agus cinntí eile ar díol spéise iad, a fháil ar láithreán gréasáin m'Oifige (www.oic.gov.ie).

Cinntí suntasacha

An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

D'eisigh mé cinntí in dhá chás a bhain le taifid maidir le feidhmeanna an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre. Comhlacht poiblí é an Lia-Bhiúró a bhfuil sé de cúram air, i measc a lán rudaí eile, anailís a dhéanamh i gcomhthéacs na reachtaíochta um thrácht ar bhóithre ar shamplaí fola, anála agus fuail le seiceáil cibé an bhfuil alcól nó drugaí iontu. Lena chois sin eisíonn siad deimhnithe le soláthar maidir le hionchúisimh i gcás tiomáint líomhnaithe ar meisce agus cuireann siad fianaise shaineolach fhóiréinseach ar fáil le cabhrú leis na cúirteanna.

Mhaígh an Lia-Bhiúró sna cásanna sin nár chóir a cheadú "*go gcuirfeadh saoráil faisnéise córas comhthreomhar ar fáil trína bhféadfadh an chosaint nochtadh a fháil a bheadh ar aon dul le nochtadh i gcás coiriúil.*" Ba é a bhí á mhaíomh ag an Lia-Bhiúró ná nár chóir go mbainfeadh an tAcht um Shaoráil Faisnéise leis na taifid maidir lena gcuid feidhmeanna faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre, in ainneoin gur leagadh síos gur comhlacht é an Lia-Bhiúró féin a bheadh faoi réim an Achta um Shaoráil Faisnéise nuair a rith an tOireachtas na Rialacháin in 2006.

An tUasal H agus an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre - cás uimh. 090073

D'iarr an t-iarratasóir go mbeadh rochtain aige ar an doiciméadúchán go léir a bhain le fáil, anailís agus deimhniú na samplaí fuail a sholáthraigh sé ag Stáisiún áirithe de chuid an Gharda Síochána. Ba é argóint an Lia-Bhiúró ná gur cheart idirdhealú a dhéanamh idir faisnéis riaracháin agus faisnéis a bhain le hiniúchadh coiriúil a rinneadh faoi dhuine. Ba é a dtuairim gur ceist a bhaineann leis na cúirteanna amháin is ea nochtadh faisnéise faoi na nósanna imeachta maidir lena bhfiosraithe fóiréinseacha agus nach ionann é agus an méid a éilíonn na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre. Mhaígh an Lia-Bhiúró dá mbainfí leas as saoráil faisnéise chun "*próiseas comhthreomhar a sholáthar maidir le nochtadh faisnéise in imeachtaí coiriúla ....go mbainfeadh sé an bonn*

dá n-oibleagáidí reachtúla faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre agus go gcuirfeadh sé as dóibh," "*go mbainfeadh sé an bonn d'fheidhmeanna na seirbhísí ionchúisimh maidir lena ndualgas chun fianaise a chur os comhair na cúirte maidir le coir coiriúil líomhnaithe faoi mar a mheasann siad a bheith ceart agus go gcuirfeadh sé isteach ar an obair sin*" agus "*go mbainfeadh sé an bonn de dhlínse na mBreithiúna sna cúirteanna coiriúla freisin agus go gcuirfeadh sé isteach ar an dlínse sin*."

Ba é a dúirt mé i mo chinneadh faoi fhuascailt na dtaifead go raibh feidhmeanna reachtúla ag an Lia-Bhiúró faoi na hAchtanna um thrácht ar Bhóithre ach go raibh dualgas reachtúil orthu freisin na taifid a chur ar fáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, murar chomhlíon sé a dhualgas cruthúnais, faoi alt 34(12)(b), chun a léiriú go raibh díolúine infheidhme, agus nach raibh aon tástáil maidir le leas an phobail a bhí nasctha leis an díolúine sin níos láidre ná é. Chinn mé nár chruthaigh an Lia-Bhiúró ar bhonn a bhí sna taifid a bhí i gceist go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go dtarlódh aon cheann de na díobhálacha dá luaitear in ailt 23(1)(a)(i), (ii) agus (iv). Lena chois sin, chinn mé nuair a scrúdaigh mé na taifid nach raibh aon rud iontu a bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnta go gcuirfeadh sé isteach ar aon cheann de na bearta um fhorfheidhmiú dlí agus sábháilteachta poiblí faoi ailt 23(1)(a)(i), (ii) agus (iv).

An tUasal W agus an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre - cás uimh. 080260

D'iarr an t-iarratasóir faisnéis ghinearálta faoin meaisín *intoxilyzer* a úsáidtear chun an tiúchan alcóil san anáil a thomhas, lena n-áirítear sonraí maidir le monarú, suiteáil, clárú, tástáil, cothabháil, deisiú agus feidhmiú an mheaisín. Dhiúltaigh an Lia-Bhiúró aon cheann dá thaifid a chur ar fáil, agus thug siad le fios gur faoi na cúirteanna atá sé cinneadh a dhéanamh cén fhaisnéis ba chóir a chur ar fáil don chosaint agus don ionchúiseamh le cinntiú go mbeidh imeachtaí coiriúla cothrom cóir. Rinne siad argóint nár cheart aon taifid maidir lena ról fiosraithe a chur ar fáil lasmuigh d'imeachtaí cúirte, lena n-áirítear taifid maidir le tástáil, cothabháil srl. an *intoxilyzer,* (ach amháin mar a éilítear faoi na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre).

Chinn mé go raibh an ceart ag an Lia-Bhiúró agus ag Lion Laboratories rochtain ar chód foinse Lion Intoxilyzer 6000IRL a chosc ar an mbonn go mba rún íogair ceirde a bhí ann agus lena chois sin gur bhain forálacha rúndachta leis. Maidir leis na taifid bhainteacha maidir le suiteáil, tástáil, cothabháil agus deisiú an intoxilyzer, agus faoi na nósanna imeachta a bhí ann chun tástáil a dhéanamh ar chórais tástála fianaiseach anála Intoxilyzer, úsáideadh argóintí cosúil leo siúd a bhí ag an Lia-Bhiúró i gcás uimh. 090073 (a bhfuil cuntas orthu thuas) chun cead a dhiúltú don iarratasóir na taifid a bhí i gceist a rochtain. Chinn mé sa chás seo freisin nár chomhlíon an Lia-Bhiúró a dhualgas cruthúnais maidir leis na taifid a bhí i gceist agus nach raibh údar lenar maíodh maidir le díolúine faoi ailt 23(1)(a)(i) go (iv). Lena chois sin chinn mé nár

tugadh aon chúis le tacú le ráiteas an Lia-Bhiúró go mba díspeagadh cúirte a bheadh ann dá gcuirfí na taifid a bhí i gceist ar fáil. Thug mé treoir ar an ábhar sin go gcuirfí na taifid ar fáil.

[Nóta: Go gairid tar éis dó na cinntí seo a dhéanamh, thug an Aire Iompair reachtaíocht isteach a d'achtaigh an Oireachtas i mí Iúil 2010 ag díolmhú feidhmeanna an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre - seachas riarachán ginearálta an Lia-Bhiúró - ó raon an Achta um Shaoráil Faisnéise.]

Cruinniú neamhchorprach Rialtais

Sunday Times agus an Roinn Airgeadais (an Roinn) – cás uimh. 090028
D'iarr an t-iarratasóir sa chás seo taifid áirithe a bhain leis an gcinneadh a fógraíodh an 30 Meán Fómhair 2008 faoin ráthaíocht a thug an Rialtas do bhainc na hÉireann. Chuir an Roinn a lán taifead ar fáil trína córas riaracháin agus ní raibh cinneadh foirmiúil le déanamh ach i gcás dhá thaifead. Bhain na taifid sin le dhá chruinniú a bhí ar siúl i gcoim na hoíche an 29/30 Meán Fómhair 2008 maidir le ráthaíocht a chur ar fáil i gcomhair na mbanc. Ba é an cinneadh a bhí le déanamh ná ar cheart na taifid faoi na cruinnithe sin a choinneáil siar faoi alt 19(1)(c) ar an mbonn go raibh faisnéis iontu i gcomhair ball den rialtas le go mbainfeadh sé leas aisti go príomha chun gnó an Rialtais a chur i gcrích ag cruinniú an Rialtais - agus cruinniú neamhchorprach an Rialtais a bhí ann sa chás sin. Thug an Rialtais le fios do m'oifigse gur thuig siad ó Rúnaíocht an Rialtais "*gurb annamh a bhaintear leas as na nósanna imeachta maidir le cruinnithe neamhchorpracha an Rialtais agus nach n-úsáidtear iad ach i gcásanna nuair atá sé riachtanach cinneadh Rialtais a dhéanamh agus nach féidir gnáthchruinniú an Rialtais a thionól. Is iondúil ag cruinnithe den chineál sin go dtugtar faisnéis ar an teileafón do na hAirí faoin ábhar sin a bhfuil cinneadh le déanamh faoi.*"

Ó ba rud é nár tháinig baill an Rialtais le chéile mar a dhéanann siad de ghnáth ní dhearnadh taifid chaighdeánacha (mar meabhráin mhínithe) ar an gcruinniú, faoi mar a dhéantar ag gnáthchruinnithe Rialtais agus ní raibh a leithéid de thaifid le fáil.

Ba í an phríomhcheist a bhí le réiteach ná cibé ar úsáideadh an fhaisnéis san dá thaifead go príomha chun críche gnó an Rialtais. Mheas mé toisc nach raibh a leithéid de chás ann riamh roimhe sin agus toisc a phráinní is a bhí sé an gnó a dhéanamh go tapa gur faisnéis a bhí le húsáid go príomha ag Cruinniú Neamhchorprach an Rialtais a reáchtáladh ar an teileafón an oíche sin a bhí sna taifid. Ós rud é nach bhfuil aon fhoráil faoi leas an phobail in alt 19 den Acht um Shaoráil Faisnéise ní raibh sé de rogha agam teisteanna maidir le leas an phobail a chur i bhfeidhm sa chás seo. Nuair a fuair mé amach gur bhain alt 19(1)(c) leis an scéal bhí orm cinneadh a dhéanamh go raibh díolúine ó thaobh nochta de ag na taifid a bhí i gceist.

Luach Saothair Iar-Phríomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Comhlacht poiblí seirbhis ["Comhlacht"] agus iar-Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin (POF), f/ch comhlacht aturnaetha ("na hlarratasóirí") & An Roinn Airgeadais ("An Roinn") - cás uimh. 090149

D'iarr an t-iarratasóir cead rochtana ar thaifid a bhí i seilbh na Roinne Airgeadais maidir le Luach Saothair Iar-Phríomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Ba cheart a thabhairt faoi ndeara nach luaitear an Ghníomhaireacht i gCéad Sceideal an Achta um Shaoráil Faisnéise mar chomhlacht atá faoi réim an Achta sin. Chinn an Roinn ar an gcéad dul síos go mba fhaisnéis phearsanta faoi iar-phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta an fhaisnéis a bhí sna taifid a aithníodh a bheith bainteach leis an iarratas, ach gur cheart iad a chur ar fáil ar mhaithe le leas an phobail. Rinne ionadaithe an iar-phríomhfheidhmeannaigh achomharc faoin gcinneadh sin chun m'Oifigse faoi alt 29 den Acht um Shaoráil Faisnéise.

Fuair mé amach go mba fhaisnéis phearsanta faoi iar-phríomhfheidhmeannach na Gníomhaireachta an fhaisnéis a bhí i gceist ach bhí mé sásta gur cheart í a chur ar fáil ar mhaithe le leas an phobail. Chinn mé, maidir le halt 29 den Acht um Shaoráil Faisnéise, gur theip ar ionadaithe an iar-phríomhfheidhmeannaigh an dualgas cruthúnais a chomhlíonadh faoi alt 34(12)(a) den Acht um Shaoráil Faisnéise atá riachtanach le taispeáint nach raibh bunús le cinneadh na Roinne cead a thabhairt an fhaisnéis a bhí i gceist a rochtain. Ar an ábhar sin cuireadh na taifid ábhartha ar fáil.

Caibidil 4

THE number of primary teachers being granted early retirement due to ill health has fallen sharply since a private medical company was hired to do the assessments.

Society paid Fingleton €2.4m in 2008

THE FORMER chief executive of Irish Nationwide Michael Fingleton was paid a total of €2.4 million by the building society in 2008, according to a Department of Finance document released to Fine Gael.

Private medical firm linked to fall in disability pay-outs for teachers

Caibidil 4: Staitisticí

Roinn I - Comhlachtaí Poiblí - 2010

Tábla 1: Forbhreathnú ar iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo
Tábla 2: Iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo agus a rinneadh a achomharc ina dhiaidh sin
Tábla 3: Iarratais saorála faisnéise a fuarthas, anailís de réir chineál iarratasóra
Tábla 4: Forbhreathnú ar iarratais ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo
Tábla 5: Anailís ar iarratais ar dhéileáil earnáil na seirbhíse poiblí leo
Tábla 6: Iarratais shaorála faisnéise a fuair ranna/oifigí na státseirbhíse
Tábla 7: Iarratais saorála faisnéise a fuair údaráis áitiúla
Tábla 8: Iarratais saorála faisnéise a fuair feidhmeannacht na seirbhíse sláinte (FSS)
Tábla 9: Iarratais saorála faisnéise a fuair ospidéil shaoraálacha, seirbhísí sláinte meabhrach agus gníomhaireachtaí gaolmhara eile
Tábla 10: Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí oideachais tríú leibhéal
Tábla 11: Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí eile
Tábla 12: Táillí ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo

(Tugtar d'Aire: Figiúirí do na tablaí thuas arna soláthar ag Líonra Úsáideoirí na Státseirbhíse, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Grúpa Idirchaidrimh Saorála Faisnéise na nÚdarás Áitiúil, an Roinn Sláinte agus Leanaí, Cónaidhm Náisiúnta na gComhlachtaí Saorálacha, an Grúpa Idirchaidrimh don Earnáil Ard-Oideachais agus arna dtiomsú ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise).

Roinn II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise - 2010

Tábla 13: Anailís ar iarratais ar athbhreithnithe a fuarthas
Tábla 14: Anailís ar chásanna athbhreithnithe
Tábla 15: Iarratais ar athbhreithnithe ar glacadh leo i 2010 - de réir comhlacht poiblí
Tábla 16: Toradh athbhreithnithe críochnaithe - comparáid trí bliana
Tábla 17: Ábhar na niarratas ar athbhreithniú ar glacadh leo – comparáid trí bliana
Tábla 18: Iarratais ar glacadh leo de réir cineáil - comparáid trí bliana

Tábla 19: Gnathfhiosruithe
Tábla 20: Iarrataí a mheastar a bheith diúltaithe de bharr nár thug comhlachtaí poiblí freagra orthu

Roinn I - Comhlachtaí Poiblí - 2010

Tábla 1: Forbhreathnú ar iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo

Iarratais idir lámha - 01/01/2010	2,139
Iarratais a fuarthas i 2010	
Pearsanta	10,688
Neamhphearsanta	4,466
Measctha	95
Iomlán	**15,249**
Iomlán na n-iarratas idir lámha le linn na bliana	17,388
Iarratais ar déileáladh leo	(14,923)
Iarratais idir lámha - 31/12/2010	2,465

Tábla 2: Iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo agus a rinneadh a achomharc ina dhiaidh sin

	Líon	Céatadán
Iarratais saorála faisnéise ar dhéileáil	14,923	100%
Comhlachtaí poiblí leo athbhreithnithe inmheánacha	595	4.0%
a fuair comhlachtaí poiblí Iarratais ar ghlac an Coimisinéir leo	220	1.47%

Tábla 3: Iarratais saorála faisnéise a fuarthas, anailís de réir chineál iarratasóra

Iarratasóirí	Líon	Céatadán
Iriseoirí	2,156	14%
Lucht gnó	950	6%
Comhaltaí den Oireachtas	144	1%
Baill foirne comhlachtaí poiblí	618	4%
Cliaint foirne comhlachtaí poiblí	8,687	57%
Eile	2,694	18%
Iomlán	**15,249**	**100%**

Tábla 4: Forbhreathnú ar iarratais ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo

Iarratasóirí	Líon	Céatadán
Iarratais a géilleadh dóibh	8,892	60%
Iarratais a géilleadh dóibh i bpáirt	2,877	19%
Iarratais a diúltaíodh dóibh	1,580	11%
Iarratais a aistríodh chuig an gcomhlacht cuí	200	1%
Iarratais a tarraingíodh siar nó a láimhseáileadh lasmuigh de shaoráil faisnéise	1,374	9%
Iomlán	**14,923**	**100%**

Tábla 5: Anailís ar iarratais ar dhéileáil earnáil na seirbhíse poiblí leo

	%	%	%	%	%	%
	Céatadán dár géil-leadh	**Céatadán dár géil-leadh ibpáirt**	**Céatadán a diúltaíodh**	**Céatadán a aisríodh**	**Céatadán a tar-raingíodh siar nó a láimhsíodh lasmuigh de raon an Achta**	**Iomlán**
Ranna/Oifigí Státseirbhíse	41	30	15	2	12	100
Údaráis Áitiúla	57	25	13	0	5	100
FSS	71	14	8	1	6	100
Ospidéil Shaoráacha, Seirbhísí Sláinte Meabhra-cha agus Gníomhai-reachtaí Gaolmhara Eile	76	5	7	1	11	100
Institiúdí Tríú Leibhéal	57	30	3	0	10	100
Comhlachtaí Eile	51	30	7	0	12	100

Tábla 6: Iarratais shaorála faisnéise a fuair ranna/oifigí na státseirbhíse

Rannóg/Oifig na Státseibhíse	Pearsanta	Neamh -pheasanta	Measctha	Iomlán
An Roinn Coimirce Sóisialaí	814	44	1	859
An Roinn Oideachais agus Scileanna	663	128	5	796
An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí	469	129	0	598
An Roinn Airgeadais	21	316	0	337
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	115	79	0	194
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	99	93	1	193
An Roinn Sláinte agus Leanaí	26	150	0	176
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	9	126	0	135
An Roinn Iompair	2	111	1	114
Roinn an Taoiseach	3	107	0	110
An Roinn post, Fiontar, Trádala agus Nuálaíochta	14	90	0	104
Seirbhís Tithe an Oireachtais	0	96	0	96
An Roinn Gnóthaí Eachtracha	7	79	1	87
Na Fórsaí Cosanta	67	15	0	82
An Roinn Cosanta	10	52	0	62
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Achmhainní Nádúrtha	4	51	0	55
An Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt	1	51	0	52
Oifig na nOibreacha Poiblí	2	48	0	50
An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta	0	40	0	40
Oifig an Choimisinéara Faisnéise	7	8	2	17
Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí	2	11	1	14
Oifig an Árd-Aighne	3	7	0	10
An tSeirbhís um Ceapacháin Phoiblí	7	1	2	10
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	1	4	0	5
Oifig Luachála	0	5	0	5
Oifig an Ombudsman	3	0	0	3

An Phríomh-Oifig Staidrimh	0	3	0	3
Oifig an Árd-Reachtaire Cúnta agus Ciste	0	2	0	2
Oifig na Coimisinéirí Achomharc do na hAchtanna Cánach	1	1	0	2
Oifig Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corporáideach	0	1	0	1
Suirbhéaracht Ordanáis Éireann	0	1	0	1
Oifig Chláraitheoir na gCara-Chumann	0	0	0	0
Iomlán	**2,350**	**1,849**	**14**	**4,213**

Tábla 7: Iarratais saorála faisnéise a fuair údaráis áitiúla*

Údaráis Áitiúl	Pearsanta	Neamh -phearsanta	Measctha	Iomlán
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	110	96	4	210
Comhairle Chontae Chorcaí	13	107	0	120
Comhairle Chontae Mhuigh Eó	9	68	0	77
Comhairle Chontae an Chláir	12	52	5	69
Comhairle Chontae Fhine Gall	9	56	0	65
Comhairle Chontae na Gaillimhe	2	54	0	56
Comhairle Cathrach Chorcaí	24	29	0	53
Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Rath an Dúin	8	42	2	52
Comhairle Chontae na Mí	9	40	0	49
Comhairle Chontae Chiarraí	4	32	12	48
Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	8	38	0	46
Comhairle Chontae Chill Dara	11	35	0	46
Comhairle Chontae Loch Garman	17	22	7	46
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	10	31	0	41
Comhairle Cathrach Luimní		11	0	41
Comhairle Chontae Dhún na Gall	2	36	0	38

Comhairle Chontae Lú	8	22	8	38
Comhairle Chontae Laoise	20	18	0	38
Comhairle Chontae Ros Comáin	4	27	1	32
Comhairle Chontae Longfoirt	5	27	0	32
Comhairle Chontae na h-Iarmhí	8	22	0	30
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	3	26	0	29
Comhairle Chontae Sligeach	7	21	0	28
Comhairle Chontae Luimní	0	24	2	26
Comhairle Chontae Liatroma	7	19	0	26
Comhairle Chontae Thiobraid Árann Theas	4	21	0	25
Comhairle Chontae Uibh Fhailí	5	18	0	23
Comhairle Chontae Chill Chainnigh	4	19	0	23
Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh	0	21	0	21
Comhairle Chontae an Chabháin	5	16	0	21
Comhairle Chontae Cheatharlocha	3	17	0	20
Comhairle Chontae Phort Lairge	1	14	0	15
Comhairle Cathrach Phortláirge	2	12	0	14
Comhairle Chontae Mhuineacháin	0	12	0	12
Iomlán	**364**	**1,105**	**41**	**1,510**
Údaráis Réigiúnda	0	8	0	8
Comhthionóil Réigiúnda	0	4	0	4

* Tá figiúirí le haghaidh Comhairlí Baile agus Comhairlí Buirge istigh sna figiúirí den Chontae sin

Tábla 8: Iarratais saorála faisnéise a fuair feidhmeannacht na seirbhíse sláinte (FSS)

Limistéar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*	Pearsanta	Neamh -pheasanta	Measctha	Iomlán
FSS Iarthair	1,867	86	0	1,953
FSS Deisceart	1,874	52	0	1,926
FSS Baile Átha Cliath Thoir-Thuaidh	680	33	0	713
FSS Baile Átha Cliath-Lar Laighean	552	19	2	573
Iarrataí Náisiúnta	4	235	0	239
Iomlán	**4,977**	**425**	**2**	**5,404**

*De réir struchtúr réigiúnach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Tábla 9: Iarratais saorála faisnéise a fuair ospidéil shaoraálacha, seirbhísí sláinte meabhrach agus gníomhaireachtaí gaolmhara eile

Ospidéil/Seirbhís/ GnIomhaireacht	Pearsanta	Neamh -phearsanta	Measctha	Iomlán
Ospidéal na hOllscoile na Trócaire, Corcaigh	396	7	0	403
Ospidéal Mater Misericordiae	312	15	0	327
Ospidéal Naoimh Shéamais	285	9	1	295
Ospidéal Ríoga Victeoiriach Súl agus Cluas	225	0	0	225
Ospidéal na hOllscoile Naoimh Uinseann	164	14	0	178
Ospidéal Rotunda	153	22	2	177
Ospidéal Thamhlachta (Ospidéal Adelaide agus na Mí ag ionchorpú an Ospidéal Náisiúnta Leanaí)	131	15	0	146
Ospidéal Beaumont	121	19	0	140
Ollscoil Otharlann an Deiscirt - Ospidéal Victeoria, Corcaigh	117	4	0	121
Ospidéal na Leanaí, Sráid an Teampaill	96	9	0	105
Ospidéal Ban an Chúm	92	5	0	97

Ospidéal Mhuire do Leanaí Breoite, Cromghlinn	83	10	0	93
Ospidéal Naoimh Eoin, Luimneach	90	1	0	91
Ospidéal Náisiúnta Máithreachais, Sráid Holles	81	8	0	89
Eile	276	66	5	347
Iomlán	**2,622**	**204**	**8**	**2,834**

Tábla 10: Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí oideachais tríú leibhéal

Comhlacht Oideachais Tríú Leibhéal	Pearsanta	Neamh -phearsanta	Measctha	Iomlán
Institiúid Teichneolaíochta Phort Lairge	1	68	1	70
Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath	23	27	0	50
Coláiste na Trionóide	14	20	0	34
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	10	18	1	29
Ollscoil Luimnigh	7	18	2	27
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	8	15	0	23
Institiúid Teichneolaíochta Bhaile Átha Cliath	12	10	0	22
Ollscois Chathair Bhaile Átha Cliath	5	11	0	16
Institiúid Teichneolaíochta, Luimneach	4	8	0	12
An tUdarás um Ard- Oideachas	0	11	0	11
Eile	15	86	3	104
Iomlán	**99**	**292**	**7**	**398**

Tábla 11: Iarratais saorála faisnéise a fuair comhlachtaí eile

Comhlacht Poiblí	Pearsanta	Neamh -phearsanta	Measctha	Iomlán
Oifig Achomharc Leasa Shóisialaigh	116	1	0	117
RTÉ	7	68	0	75
FÁS	14	50	1	65
Údarás um Bóithre Náisiúnta	0	38	0	38
Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath	0	36	0	36
Príomh-Oifigeach Míochaine don Státseirbhís	34	0	0	34
Údarás Slainte agus Sabáilteachta	0	24	9	33
Fiontraíocht Éireann	0	31	0	31
Seirbhís Chúirteanna	1	21	0	22
Teagasc	16	6	0	22
Seirbhís Phromhaidh	18	1	0	19
Pobal	0	19	0	19
ÚFT Éireann	0	18	0	18
Údarás na Gaeltachta	0	17	0	17
Bord um Chúnamh Dlíthiúl	14	3	0	17
Fáilte Éireann	0	16	0	16
Coimisiún Rialáil Cumarsáide	11	5	0	16
Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	0	14	1	15
Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta	5	8	0	13
Comhairle Ealaíon	5	7	0	12
Bord Leigheasra na hÉireann	2	9	0	11
Seirbhís Fuilaistriúchain na hÉireann	5	5	0	10
Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí	0	9	0	9
Údarás Craolacháin na hÉireann	0	9	0	9
An Bord Pleanála	1	8	0	9
An Coimisiún um Rialáil Tacsaithe	2	7	0	9

Comhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann	0	9	0	9
Gníomhaireacht um Fháil Iarnród	0	8	0	8
Forbairt na Sionna	0	8	0	8
Comhairle Spóirt na hÉireann	0	5	3	8
Bord Náisiúnta Leasa Oideachais	3	4	0	7
Coimisiún um Rialáil Fuinnimh	0	7	0	7
Bord na gCon	0	6	0	6
Gailearaí Naisiúnta na hÉireann	2	4	0	6
Gníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí	1	5	0	6
Board Scannán na hÉireann	1	5	0	6
Fuinneamh Inmharthana Éireann	0	6	0	6
The Northern Regional Fisheries Board	0	4	1	5
Eile (130 chomhlacht le níos lú ná 5 iarrataisí an ceann)	18	78	8	104
Iomlán	**276**	**579**	**23**	**878**

Tábla 12: Táillí ar dhéileáil comhlachtaí poiblí leo

	Iarratas Bunúsach €	Cuardach & Aisfháil €	Athbhreitnú Inmheanach €	Ais íocaíochtaí €	Taillí Glan €
Ranna/Oifigí Státseirbhíse	24,040	12,400	4,895	1,846	39,489
Údaráis Áitiúla	17,116	4,608	4,175	483	25,416
FSS	5,336	2,164	550	2,942	5,108
Ospidéil Shaorálacha, Seirbhísí Sláinte Meabhracha agus gníomhaireachtaí Gaolmhara Eile	2,110	2,518	675	70	5,233
Institiúidí Tríú Leibhéal	4,325	929	325	353	5,226
Comhlachtaí Eile	8,685	4,843	1,850	989	14,389
Iomlán	**61,612**	**27,462**	**12,470**	**6,683**	**94,861**

Roinn II - Oifig an Choimisinéara Faisnéise - 2010

Tábla 13: Anailís ar iarratais ar athbhreithnithe a fuarthas

Iarratais ar athbhreithniú idir lámha - 1/1/2010	16
Iarratais ar athbhreithniú a fuarthas i 2010	301
Iomlán na n-iarratas ar athbhreithniú idir lámha i 2010	**317**
Scoradh den iarratas	6
Iarratais neamhbhailí	56
Iarratais a tharraingíodh siar	9
Iarratais a dhiúltóidh	1
Iarratais ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2010	220
Iomlán na n-iarratas ar athbhreithniú a bhreithníodh i 2010	**(292)**
Iarratais ar athbhreithniú lámha - 31/12/2010	**25**

Tábla 14: Anailís ar chásanna athbhreithnithe

Athbhreithnithe idir lámha - 1/1/2010	200
Iarratais ar glacadh leo le haghaidh athbhreithnithe i 2010	220
Iomlán na n-athbhreithnithe idir lámha i 2010	**420**
Athbhreithnithe a críochnaíodh i 2010	(228)
Athbhreithnithe ar chuirthear ar aghaidh go 2011	**192**

Tábla 15: Iarratais ar athbhreithnithe ar glacadh leo i 2010 - de réir comhlacht poiblí

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte		61
FSS Deisceart	20	
FSS Iarthair	13	
FSS Baile Átha Cliath Lár Laighean	11	
FSS Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh	11	
FSS Iarrataisí Náisiúnta	6	
Roinn Dlí agus Cirt, agus Athchóirithe Dlí		18
Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia		14
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim		10

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath		7
Roinn Airgeadais		7
An Roinn Coimirce Sóilialaí		6
An Roinn Oideachais agus Scileanna		5
Eile (chomhlacht le níos lú ná 5 athbhreithniú an ceann)		92
Iomlán		**220**

Tábla 16: Toradh athbhreithnithe críochnaithe - comparáid trí bliana

	2010	%	2009	%	2008	%
Breith Dearbhaithe	66	29	75	32	82	31
Breith Neamhnithe	15	7	6	2	10	4
Breith Athraithe	18	8	16	7	21	8
Scoradh den larratas	2	1	5	2	7	3
Neamhbhailí	3	1	0	0	0	0
Thangthas ar shocrú	63	28	49	21	54	21
Tarraingthe siar	61	26	84	36	85	33
Athbhreithnithe Críochnaithe	228	100	235	100	259	100

Tábla 17: Ábhar na niarratas ar athbhreithniú ar glacadh leo - comparáid trí bliana

	2010	%	2009	%	2008	%
Diúltú Rochtanna	197	89	201	83	195	85
Agóídí ag tríú pairtithe i gcoinne scaoilte faisnéise fúthu nó arna soláthar acu	8	4	17	7	12	5
Leasú ar thaifid faoi alt 17	5	2	7	3	7	3
Ráiteas cúiseanna faoi alt 18	9	4	11	5	13	6
Breith chun táille a ghearradh	1	1	6	2	1	1
Iarratais ar Glacadh leo	220	100	242	100	228	100

Tábla 18: Iarratais ar glacadh leo de réir cineáil - comparáid trí bliana

	2010	%	2009	%	2008	%
Pearsanta	45	20	63	26	71	31
Neamhphearsanta	136	62	123	51	127	56
Measctha	39	18	56	23	30	13
Iomlán	**220**	**100**	**242**	**100**	**228**	**100**

Tábla 19: Gnathfhiosruithe

Bliain	Líon
2010	622
2009	857
2008	1,100
2007	1,315
2006	1,551
2005	1,396
2004	1,306
2003	1,090
2002	1,047
2001	1,136
Iomlán	**11,420**

Tábla 20: Iarrataí a mheastar a bheith diúltaithe de bharr nár thug comhlachtaí poiblí freagra orthú

	Gan Breith tughta ar Bhuniarratais ná ar Athbhreithniú Inmheánach		
Comhlacht Poiblí	**2010**	**2009**	**2008**
FSS Baile Átha Cliath Thoir-Thuaidh	7	2	1
FSS Deisecart	6	4	3
FSS Náisiúnta	5	1	-
An Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí	4	3	3
FSS Baile Átha Cliath-Lar Laighean	2	7	2
FSS Iarthair	2	3	-
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh	1	1	-
An Roinn Airgeadais	1	1	-
An Roinn Tamhaíochta, Iascaigh agus Bia	1	-	2
An Roinn Oideachais agus Scileanna	1	-	-
Ospidéal Thamhlachta (Ospidéal Adelaide agus na Mí ag ionchorpú an Ospidéal Náisiúnta Leanaí)	1	-	-
Bráithre na Carthanachta, Seirbhísí an Deiscirt	1	-	-
An Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt	1	-	-
Comhairle Chontae Luimní	1	-	-
Comhairle Chontae Lú	1	-	-
An Chartlann Náisiúnta	1	-	-
An Oifig um Rialú Tobac	1	-	-
Ospidéal Rotunda	1	-	-
Teagasc	1	-	-
Iomlán 2010	**39**		

Oifig an Choimisinéara um Faisnéise Comhshaoil
Office of the Commissioner for Environmental Information

CUID II – An Coimisinéir um Fhaisnéis Comhshaoil

Caibidil 1

Caibidil 1: Réamhfhocal

Is é an ról atá agam, de bhreis ar a bhfuil orm mar Ombudsman agus mar Choimisinéir Faisnéise, ná cinneadh a dhéanamh ar achomhairc ó bhaill den phobal, daoine atá mí-shásta le toradh a n-iarrataí ar fhaisnéis chomhshaoil atá faighte acu ó údaráis poiblí. Tá mo chuid feidhmeanna sainmhínithe faoi Rochtain ar Fhaisnéis ar na Rialacháin Comhshaoil 2007 (I.R. Uimh. 133, 2007).

An Treoir agus na Rialacháin

Tá réimeas na rochtana ar fhaisnéis chomhshaoil bunaithe ar Treoir 2003/4/AE. Is í príomh-fhoráil na Treorach seo ná bunú ceartaiss rochtana ar fhaisnéis chomhshaoil atá i seilbh na n-údaráis poiblí. Chuireadh an Treoir i bhfeidhm in Éirinn ar an 1ú Bealtaine 2007, nuair a chuireadh na Rialacháin a rinne an tAire Comhshaoil, Oidhreacha agus Údaráis Áitiúil ag an am in éifeacht.

Cad a thuigtear le faisnéis chomhshaoil?

Tá sainmhíniú an-leathan ar "*fhaisnéis chomhshaoil*" sa Treoir agus sna Rialacháin. Clúdaíonn sé faisnéis atá i bhfoirm "scríofa, amharcach, inchloiste, leictreonach nó i bhfoirm ábharach ar bith eile. Aithnítear sé chatagóir difriúla:

- staid na ndúl sa chomhshaoil (e.g. aer, uisce, ithir talamh, dreach talún, éagsúlachtbitheolaíoch),
- nithe a théann i bhfeidhm, nó a d'fheadfadh dul i bhfeidhm ar dhúile an chomhaoil (e.g. fuinneamh, fothram, radaíocht, dramhaíl, scaoilteáin eile isteach sa chomhshaoil),
- bearta atá ceaptha chun dúile an chomhshaoil a chaomhnú (e.g. polasaithe, reachtaíocht, pleananna, cláir oibre, comhaontuithe comhshaoil),
- tuarascálacha maidir le feidhmiú reachtaíochta an chomhshaoil),
- anailísí agus toimhdí a úsáidtear i bhfrámaíocht na mbeart atá ceaptha chun an chomhshaoil a chosaint, agus
- an staid sláinte agus sábháilteachta daonna, an slabhra bia, láithreáin cultúrtha agus struchtúir tógtha, sa mhéid agus is féidir le dúile an chomhshaoil tionchar a imirt orthu.

Cead rochtana faisnéise a spreagadh

Tá an coinne ann go mbeifear ag géilleadh go ginearálta d'iarrataí ar chead rochtana. Tá an ceangal ann freisin go mba cheart d'údaráis áitiúla faisnéis ar an gcomhshaol a eagrú agus a choinneáil "*le súil go scaipfear í go beo agus go heagartha ar an bpobal*". Faoi Rialacháin 2007, déanann an Oifig agamsa athbhreithniú seachtrach neamhspleách ar cinneadh an údarás poiblí agus tá ceangal ar an údarás poiblí cloí le toradh an athbhreithnithe sin.

Údaráis phoiblí

Murab ionann agus an scéal faoin Acht SF, ní luann na Rialacháin na húdaráis phoiblí áirithe a thagann faoi réimeas Rochtana na Faisnéise Comhshaoil (RFC). Ar an taobh eile, soláthraíonn na Rialacháin sainmhíniú leathan ar cad a thuigtear le húdarás phoiblí, déantar tagairt do:

- Comhlachtaí rialtais nó comhlachtaí rialacháin poiblí eile (comhlachtaí comhairleacha poiblí ina measc), ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil,
- aon phearsa nádúrtha nó pearsa dlí ag comhlíonadh feidhmeanna riaracháin poiblí faoin dlí nádúrtha agus a bhaineann leis an gcomhshaol, agus
- aon phearsa nádúrtha nó pearsa dlí a bhfuil freagrachtaí nó feidhmeanna poiblí mar chúram orthu, nó a bhfuil seirbhísí poiblí á soláthar acu, a bhaineann leis an gcomhshaol agus atá faoi smacht ag comhlacht, nó pearsa a thiteann faoi cheachtar den dá chéad aicme.

Tá roinnt comhlachtaí tráchtála Stáit nach bhfuil clúdaithe cheana féin ag an Acht SF nó ag Acht an Ombudsman clúdaithe faoi na Rialacháin seo. Má tá easaontú ann an bhfuil comhlacht ina údarás poiblí nó nach bhfuil, tá ceart achomhairc chuig an Oifig agamsa ag iarratasóir na faisnéise.

Táillí

Murab ionann agus cead rochtana faoi SF, ní iarrtar táille ar bith roimh ré chun iarratais a dhéanamh. Níl aon táille ach oiread le haghaidh iarratais ar athbhreithniú inmheánach.Ach tá táille le haghaidh achomhairc chuig an Oifig agamsa.Tá táille €150 socraithe agus táille laghdaithe €50 do shealbhóirí cártaí leighis, ar a gcleithiúnaithe agus ar tríú pháirtithe ar a bhfuil iarmhairt de bharr nochtú an faisnéise faoin gComhshaol í gceist.

Is féidir le comhlacht poiblí táille a ghearradh má chuireann siad faisnéis ar fáil. Ach chaithfidh "*an Treoir a bheith coimeádta go réasúnta ar aigne*" in aon táille

den chineál sin. Má chuireann comhlacht poiblí rompu táillí a ghearradh ní mór dóibh liosta de tháillí iníoctha a chur os chomhair an phobail. Tá ceart achomhairc (inmheánach nó seachtrach) ann, má bhraitear go bhfuil an táille thar fóir.

Bonn an diúltaithe

Forálann na Rialacháin gur féidir iarratas a dhiúltú mar chosaint ar:

- rúndacht faisnéise pearsanta,
- leas aon duine a bhfuil faisnéis tugtha go deonach acu,
- an comhshaol lena mbaineann an fhaisnéis,
- rúndacht imeachtaí na n-údarás poiblí,
- pé sa Chomh-Aireacht,
- caidreamh idirnáisiúnta, cosaint náisiúnta nó slándáil phoiblí,
- cúrsa na córa, agus
- rúndacht tráchtála nó tionsclaíoch, agus cearta na maoine intleachtúla.

Tá foráil ann freisin go gcuirfeadh an t-údarás áitiúil in iúl don iarratasóir nach bhfuil an fhaisnéis atá á lorg acu. Tá na boinn díolmhaithe go léir faoi réir ag na srianta faoi Airteagal 10 de na Rialacháin. Cur i gcás, maidir le hiarrataí a bhaineann le h-astúcháin isteach sa chomhshaol, ní féidir a leithéid a dhiúltú sa ghnáth-chás. I ngach chás, bíonn díolúine poitéinsiúil faoi réir tástála leasa phoiblí agus ní foláir don bhonn diúltaithe "*a léirmhíniú ar mhodh sriantach.*"

Mura mbíonn cinneadh ar bith ag teacht ó chomhlacht poiblí, tá foráil ann do cheart achomhairc bunaithe ar dhiúltú intuigthe.

Treoirlínte

Tá sraith de Nótaí Treoracha foilsithe ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ina bhfuil téacs na Rialachán agus na dTreoirlínte. Tá na nótaí sin ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, www.environ.ie agus ar shuíomh gréasáin na h-Oifige seo www.ocei.gov.ie. Tá sonraí úsáideach sna nótaí seo go gcaithfidh na údaráis áitiúla féachaint chucu, ach ní chuireann siad rompu a bheith mar léirmhíniú dlíthiúil ar an rialacháin.

Achomhairc a fuarthas in 2010

Rinneadh 23 achomharc chuig m'Oifigse i rith 2010 (fuarthas 18 in 2009). Dúnadh 21 achomharc i rith an bhlian. Eisíodh deich gcinneadh foirmiúla agus tá coimrithe maidir leo leagtha amach sa chéad chaibidil eile.

Glacadh leis gur aistarraingíodh dhá chás nuair a cuireadh na taifid ar fáil tar éis do m'Oifig idirghabháil a dhéanamh faoin scéal. Aistarraingíodh cúig chás agus measadh go raibh ceithre achomharc eile neamhbhailí toisc iad a bheith roimh am nó toisc nár iarradh athbhreithniú inmheánach. Bhí cúig chás déag idir lámha fós againn ag deireadh na bliana. Thaifead m'fhoireann seacht bhfiosrúchán déag ginearálta faoi na Rialacháin.

Bíodh is gur eascair leath de na hachomhairc ó iarratais chuig údaráis áitiúla agus ranna rialtais rinneadh achomhairc in aghaidh cinntí a bhí déanta ag CIÉ, Coillte, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh, EirGrid plc agus Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. I measc na saincheisteanna atá fós á gcíoradh tá an cheist chasta maidir le cibé an údaráis phoiblí de réir bhrí na Rialachán iad an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus an Banc Angla-Éireannach. D'eascair formhór na n-achomharc i gcaitheamh na bliana ó chonspóidí faoi aon fhaisnéis bhreise chomhshaoil a bheith fós faoi réim an iarratais, faoin bhformáid ina raibh sé ar fáil nó cibé an údarás poiblí chun críocha na Rialachán é an comhlacht, agus ní cásanna iad inar ghá do m'Oifig cinneadh a dhéanamh cibé ar cuireadh na heisceachtaí a raibh foráil fúthu sna Rialacháin i bhfeidhm i gceart nó nár cuireadh.

Foilsítear cinntí faoi achomhairc ar láithreán Gréasáin m'Oifige ag www.ocei.gov.ie.

Saincheisteanna a tháinig chun cinn in 2010

An méid gníomhaíochta a bhí ann i rith 2010

Phléigh mé an scéal seo cheana i mo thuarascáil don bhliain 2009 agus thug mé le fios gur beag gníomhaíochta a bhí ar siúl ó thaobh achomharc agus iarratas faoi na Rialacháin. D'aithin mé dhá phríomhchúis go raibh an cás amhlaidh - an méid táille atá le híoc ag iarratasóirí chun achomharc a dhéanamh chun m'Oifigse (€150 de ghnáth) agus a laghad eolais atá ag an bpobal i gcoitinne faoina gcuid cearta faoi na Rialacháin. Bíodh is go bhfuil fás ag teacht beagán ar bheagán ar líon na n-achomharc a fhaightear, bhí líon na n-achomharc fós íseal in 2010, go mór mór nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil na Rialacháin i bhfeidhm le trí bliana anuas. Lean m'fhoireann orthu ag dul i dteagmháil leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir le cur i bhfeidhm na Rialachán agus go háirithe maidir le feasacht a spreagadh i measc na n-údarás poiblí agus i measc an phobail féin.

Is daoine a bhí i dteagmháil leis an Oifig seo cheana agus a bhfuil sé de cháil orthu go bhfuil spéis acu i gcúrsaí comhshaoil a rinne 17 gcinn déag den 23 achomharc a rinneadh in 2010. Triúr a rinne 14 de na hachomhairc sin.

Bhain sé cinn den deich gcinneadh a eisíodh in 2010 le hachomhairc a rinne duine amháin agus bhí na saincheisteanna a tháinig chun cinn sna hachomhairc sin cosúil le chéile.

Láimhseáil iarratas ag na húdaráis phoiblí

Léirigh achomhairc a láimhseáladh le déanaí iliomad samplaí d'údaráis phoiblí ag láimhseáil iarratas a rinneadh faoi na Rialacháin go dona. Sa chás gur eisíodh cinntí, tá cuid de na samplaí seo aitheanta cheana féin. Is cúis imní domsa é go bhfuil an leibhéal feasachta i measc na n-údarás poiblí maidir leis na ceanglais reachtúla fós íseal, beagnach ceithre bliana tar éis do na Rialacháin teacht i bhfeidhm. Seo a leanas cuid de na saincheisteanna a aithníodh:

- teipeadh cloí le spriocdhátaí reachtúla maidir le heisiúint cinntí agus cinntí athbhreithnithe inmheánacha (CEI/10/002 – An Bord Pleanála, CEI/10/0008 – Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath),
- teipeadh dul i dteagmháil mar is cóir le hiarratasóirí chun iarratais a shoiléiriú nuair is cuí,
- teipeadh iarratasóirí a chur ar an eolas mar is cóir maidir lena gcearta achomhairc,
- teipeadh faisnéis atá ábhartha d'iarratas a aithint i gceart, trína mhaíomh nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha maidir leis a gcomhshaol ina seilbh nó nach faisnéis maidir leis an gcomhshaol atá san fhaisnéis atá á lorg, nuair nach bhféadfadh sé seo a bheith fíor. (CEI/08/0006 – Comhairle Contae Chill Dara), agus
- teipeadh na heisceachtaí maidir le heisiúint dá ndéantar foráil sna Rialacháin a chur i bhfeidhm i gceart agus teipeadh leas an phobail a mheas mar is cuí maidir le heisiúint na faisnéise a bhí á lorg (CEI/08/0012 – an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil)

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh nósanna imeachta cearta i bhfeidhm ag údaráis phoiblí chun iarratais faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol a láimhseáil, agus gur féidir liomsa, mar Choimisinéir, brath ar bhailíocht na ráiteas a thugann údaráis phoiblí dom agus iad ag láimhseáil achomharc. Tá na cinntí a dhéanaim ceangailteach agus críochnaitheach ar na páirtithe atá i gceist, mura ndéantar achomharc chuig an Ard-Chúirt taobh istigh de dhá mhí den chinneadh. Tá sé riachtanach go gcomhoibreodh gach údarás poiblí le m'Oifig go dúthrachtach agus go hiomlán.

Cumarsáid idir iarratasóirí agus údaráis phoiblí

Feictear domsa, go ginearálta, go bhfuil dualgas ar iarratasóirí agus ar údaráis phoiblí comhoibriú nuair is gá chun a chinntiú go láimhseálfar iarratais i gceart ionas nach mbeidh ga le hachomhairc chun ábhair a d'fhéadfadh a bheith réitithe i bhfad níos luaithe a shoiléiriú agus breithiúnas a thabhairt ina leith.

Fógra faoi alt 12(6) de na Rialacháin

Déantar foráil san Alt seo gur féidir liom, mar Choimisinéir, rudaí áirithe a dhéanamh agus achomharc á láimhseáil agam. Seo a leanas cuid de na nithe is féidir liom a dhéanamh:

- éileamh ar údarás poiblí faisnéis maidir leis an gcomhshaol a chur ar fáil dom
- scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis maidir leis an gcomhshaol atá ina sheilbh ag údarás áitiúil, agus
- dul isteach in aon áitreabh atá áitithe ag údarás áitiúil chun faisnéis maidir leis an gcomhshaol a fháil

Níor ghá dom an foráil seo a ghairm ach uair amháin go dtí seo, i gCás CEI/08/0006 inar eisigh mé mo chinneadh in 2010 (feach ar caibidil 2).

Cad is údarás poiblí ann?

Tarraingíodh anuas an tsaincheist seo cheana agus rinne mé plé air i gcinntí a rinne mé níos luaithe. Iarradh orm cinneadh a dhéanamh in 2010 cibé an údaráis phoiblí chun críocha na Rialachán iad an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní agus an Banc Angla-Éireannach. Tharraing an pointe seo anuas saincheisteanna suntasacha maidir le léiriú reachtúil agus tá sé á bhreithniú fós.

An ról atá agam mar Choimisinéir

B'éigean dom béim a leagan agus cuid de mo chinntí á dhéanamh agam nach cuid de mo théarmaí tagartha mar Choimisinéir é breith a thabhairt faoi conas a chuireann údaráis phoiblí a gcuid feidhmeanna i gcrích de ghnáth. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil sé d'údarás ag m'Oifigse gearáin in aghaidh údarás poiblí a iniúchadh nó modh malartach a chur ar fáil chun conspóidí a réiteach maidir le bearta a rinne údaráis phoiblí nó nach ndearna siad; tá ról teoranta leagtha síos dom a bhaineann le hachomhairc in aghaidh cinntí maidir le hiarratais chun faisnéis chomhshaoil a fháil.

Tharla sé seo i gcásanna inar bhain mórchuid d'aighneachtaí an iarratasóra le gearáin faoi údaráis phoiblí nó le cásanna ina raibh sé soiléir nach raibh in achomharc chun m'Oifigse ach gné eile d'fheachtas fada in aghaidh údaráis phoiblí.

Breith Ard-Chúirte

Rinneadh achomharc chun na hArd-Chúirte i Nollaig 2008 in aghaidh an chinnidh a rinne mé i gcás CEI/07/0005 - An tUasal Gary Fitzgerald agus Roinn an Taoisigh. Thug mé coimriú ar an gcinneadh a rinne mé faoin gcás sin i mo Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2008. Thug mé treoir go gcuirfí taifead amháin ar fáil a measadh go mba thuarascáil a bhí ann faoi dhíospóireacht a rinne an Rialtas faoi astuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann. Fuair mé amach agus mé ag déanamh mo chinnidh gur bhain an t-iarratas le faisnéis faoi astuithe isteach sa chomhshaol agus ní raibh sé ar mo chumas léiriú a thabhairt an raibh an chuid sin de na Rialacháin i gcomhréir le forálacha agus le cuspóirí na Treorach.

Éisteadh an t-achomharc i mí Iúil 2009 agus thug an Giúistís O'Neill breithiúnas an 4 Meitheamh 2010. Chinn an Ard-Chúirt go raibh earráid déanta agam ó thaobh an dlí de agus sheas sí le hachomharc an Taoisigh.

Chinn an Chúirt gur bhain an dlínse a tugadh dom leis na Rialacháin amháin agus gur sháraigh mé an dlínse sin agus nach raibh mé i dteideal measúnú a dhéanamh le féachaint ar thrasuigh na Rialacháin an Treoir i gceart, agus nach raibh aon dlínse agam na Rialacháin a chur ó fheidhm, go mór mór Airteagal 10(2). Chinn an Chúirt freisin go mba "chumarsáid inmheánach údarás poiblí" a bhí i gcruinniú Rialtais agus á rialú ag Airteagal 9(2)(d) de na Rialachán agus nach "imeachtaí údarás poiblí" a bhí ann arna rialú ag Airteagal 8(a)(iv). Dhiúltaigh an Chúirt do m'iarratas go gcuirfí an cás faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa faoi Airteagal 234 de Chonradh an Aontais Eorpaigh ag tabhairt le fios nach cúirt na dídine deiridh í an Ard-Chúirt in Éirinn a bhfuil sé d'inniúlacht aici déileáil leis na saincheisteanna a bhí tagtha chun cinn sa chás seo.

Thug an Chúirt le fios go dtugann Airteagal 12(9)(a) de na Rialacháin cead dom aon cheist dlí a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte le cinneadh a dhéanamh fúithi.

Rinne m'Oifigse achomharc faoin mbreithiúnas sin chuig an gCúirt Uachtarach ar an 17ú Lúnasa 2010 agus táimid ag feitheamh ar dháta i gcomhair na héisteachta.

Staitisticí

Achomhairc a fuarthas



*Buníodh an Oifig ó 1 Bealtaine 2007.

Toradh achomhraic críochnaithe



*Buníodh an Oifig ó 1 Bealtaine 2007.

Iarratasóirí do CFC



*Buníodh an Oifig ó 1 Bealtaine 2007.

Caibidil 2

Environment
Waste
energy
legislation
health
landscape
Regulations

Caibidil 2: Cinntí

Is coimriú é seo a leanas de na cinntí a rinneadh in 2010. Is féidir téacs iomlán na gcinntí a fháil ar ár láithreán Gréasáin www.ocei.gov.ie

CEI/09/0005 - Peter Sweetman & Associates agus An Bord Pleanála (an Bord) - Cinneadh an 24 Feabhra 2010.

Cúlra

Ar an 23 Márta 2009 d'iarr an t-iarratasóir "*cóipeanna digiteacha de na tras-scríbhinní faoin éisteacht maidir le mearchóras iarnród cathrach (Meitreo Thuaidh)... a luaithe is a gheobhadh an Bord iad*." Dhiúltaigh an Bord don iarratas ar bhonn Airteagal (9)(2)(c) de na Rialacháin de bhrí gur bhain an t-iarratas le hábhar a bhí fós á chur i gcrích. Ní raibh tús curtha leis an éisteacht faoi Meitreo Thuaidh nuair a rinneadh an t-iarratas. Bhí sé le tosú an 1 Aibreán 2009.

Torthaí

Ní raibh mé sásta gur thug an Treoir nó na Rialacháin an dlínse dom treoir a thabhairt d'údarás poiblí faisnéis i dtaifid nach raibh cruthaithe fós ag tráth an iarratais a chur ar fáil. D'fhéach mé freisin ar fhorálacha Airteagal 4(1) agus 4(2) agus bhí mé sásta go mbainfeadh Airteagal 4(1) leis an bhfaisnéis a iarradh sa mhéid is go n-éilítear i bhforáil reachtúil eile go gcuirfí ar fáil é.

Cinneadh maidir leis an achomharc

Chinn mé go raibh údar ag an mBord diúltú don iarratas ach rinne mé athruithe ar an mbonn a bhí le mo chinneadh.

CEI/09/0007 – An tUasal Una Caulfield, Stiúrthóir, Residents for Realignment Ltd agus An Bord Pleanála (an Bord) – Cinneadh an 24 Feabhra 2010

Cúlra

Tá an cás seo an-chosúil le CEI/09/0005 thuas. Sa chas seo d'iarr an t-iarratasóir an 5 Márta 2009 "*go gcraolfadh an Bord an Éisteacht ó Bhéal faoi Meitreo Thuaidh ar an ngréasán, agus go gcuirfeadh sé tras-scríbhinní den éisteacht ar fáil ar líne ag deireadh gach lá.*" Dhiúltaigh an Bord don iarratas ar bhonn Airteagal 9(2)(c) agus nár bhain na Rialacháin leis an iarratas go gcraolfaí ar an ngréasán é.

Torthaí

Faoi mar a tharla sa chás thuas ní raibh mé sásta go raibh sé de dhlínse agam mar Choimisinéir ordú a thabhairt don Bhord go ndéanfaí socruithe chun an éisteacht a fhoilsiú ar an ngréasán ná go gcuirfí tras-scríbhinní ar fáil nach raibh ag an mBord ag an tráth sin nuair a rinneadh an t-iarratas. Thug mé le fios sa chinneadh a rinne mé, faoi réir ceisteanna teicniúla, oibriúcháin agus acmhainní, nach bhfuil aon rud ann a chuirfeadh cosc ar an mBord an fhaisnéis a chur ar fáil a luaithe is a bheadh sí ar fáil nó tráth níos luaithe ná a éilítear go gcuirfí ar fáil í.

Cinneadh maidir leis an achomharc

Chinn mé go raibh údar ag an mBord a chinneadh a dhéanamh ach rinne mé athruithe ar an mbonn a bhí le mo chinneadh.

CEI/09/0006 – Percy Podger and Associates thar ceann Hands Across the Corrib Ltd agus An Bord Pleanála (an Bord) – Cinneadh an 30 Márta 2010

Cúlra

Lorg an t-iarratasóir tras-scríbhinn den éisteacht ó bhéal maidir leis an Seachbhóthar Lasmuigh de Chathair na Gaillimhe. Chuir an Bord in iúl "*nach raibh tras-scríbhinn déanta den éisteacht agus nach raibh ceann le déanamh.*" Chuir an Bord taifeadadh fuaime ar dlúthdiosca (CD) ar fáil d'imeachtaí na héisteachta. Chuir an t-iarratasóir in iúl don Oifig ina achomharc nach raibh sé ábalta rochtain a fháil ar an ábhar ar na CDanna a cuireadh ar fáil agus nach raibh sé sa bhformáid a lorgaíodh. Scrúdaigh m'Oifig na CDanna agus aontaíodh nach bhfuil rochtain réasúnta ar an ábhar orthu, os rud é nach bhfuil fáil go furasta ar an ríomhchlár a theastaíonn agus nár cuireadh aon treoracha ar fáil maidir le conas rochtain a fháil ar an ábhar ar an CDanna. Iarradh ar an mBord cóipeanna nua de na taifeadtaí fuaime a chur ar fáil don Oifig seo agus don iarratasóir. Bhí an Oifig seo ábalta rochtain a fháil ar an ábhar ar na CDanna ansin.

Torthaí

Déanann Airteagal 7(3) de na Rialacháin foráil chun eolas a lorg ar bhealach nó i bhfoirm ar leith seachas má tá sé ar fáil don phobal cheana féin nó go mbeadh rochtain ar bhealach eile nó i bhfoirm eile réasúnta. Cé go ndúirt an Bord nach ndearnadh aon tras-scríbhinn, thug sé gealltanas ceann a chur ar fáil, ag tagairt don taifeadadh fuaime. Níor mheas mé go raibh sé réasúnta go mbeadh ar an mBord tras-scríbhinn a ullmhú d'éisteacht 21 lá sa chás go raibh an éisteacht ar siúl go poiblí agus taifeadadh fuaime ar fáil.

Bíodh is go bhfuil freagrachtaí ar údaráis phoiblí faoin Treoir agus na Rialacháin, creidim go bhfuil dualgas ar iarratasóirí comhoibriú leis an bpróiseas freisin. Creidim gur mór an trua é nach ndearna an t-iarratasóir iarracht na deacrachtaí a bhain leis an mbun-CD a réiteach leis an mBord agus gur dhiúltaigh sé a dhearbhú do m'Oifig an raibh na CDanna nua a cuireadh ar fáil inrochtana, mar a iarradh air a dhéanamh.

Cinneadh maidir leis an achomharc

Chinn mé nach raibh ar an mBord tras-scríbhinn nach raibh aige a chur ar fáil i gcomhthéacs an cháis seo. Chinn mé gur chóir don Bhord cúiseanna a bheith tugtha acu maidir leis an bhfaisnéis a bheith á soláthar i bhfoirm eile nuair a dhiúltaigh siad don iarratas, agus gur chóir dóibh rochtain éasca ar an eolas a chinntiú sa bhformáid eile.

CEI/08/0006 – An tUasal John Colgan agus Comhairle Contae Chill Dara (an Chomhairle) – Cinneadh an 15 Márta 2010

Cúlra

Lorg an t-iarratasóir faisnéis maidir le suiteáil séaraigh trasna dhroichead na Life ag Léim an Bhradáin. Dhiúltaigh an Chomhairle don iarratas ag rá nach raibh aon fhaisnéis aici os rud é gur comhaontú príobháideach a bhí i gceist le suiteáil an tséaraigh. Rinne an t-iarratasóir achomharc chuig m'oifig agus ar deireadh tháinig an Chomhairle ar 53 comhad a bhain le hathchóiriú an droichid, cé go raibh méid teoranta ábhar ann a bhain go sainiúil leis an séarach.

San achomharc seo bhí orm fógra a sheirbheáil ar an gComhairle faoi Airteagal 12(6) de na Rialacháin, os rud é nár tháinig freagra sásúil ón gComhairle ar iarratas m'Oifige ar fhaisnéis a chuirfeadh ar a cumas leanúint ar aghaidh leis an achomharc, cé gur meabhraíodh dóibh go minic é. Ba é sin an chéad uair, agus an t-aon uair go dtí seo, a raibh orm an fhoráil sin de na Rialacháin a ghairm.

Thairg an Chomhairle deis don iarratasóir na comhaid a aithníodh a scrúdú, agus thóg sé seo roinnt mhaith ama. Ar deireadh, chinn mé go raibh scóip an iarratais réasúnta

cúng, agus os rud é nach bhféadfadh m'achomharc ach amháin ábhar taobh istigh de scóip an iarratais a láimhseáil, ní raibh go leor den ábhar a d'aithin an Chomhairle ábhartha don achomharc.

I measc na gceisteanna a bhí le réiteach, bhí an méid seo a leanas:

- cibé an raibh an fhaisnéis a bhí á lorg i seilbh na Comhairle nó i seilbh páirtí eile thar ceann na Comhairle,
- cibé an raibh faisnéis ann nach raibh aitheanta nó scaoilte ag an gComhairle,
- cibé an údaráis phoiblí a bhí sna conraitheoirí a d'fhostaigh an Chomhairle chun críocha na Rialachán , agus
- cibé an raibh na heisceachtaí a d'éiligh an Chomhairle i ndáil le roinnt beag faisnéise dlisteanach.

Torthaí

Chinn mé nach raibh bunchinneadh na Comhairle, an t-iarratas a dhiúltú ar an mbunús nach raibh aon fhaisnéis chomhshaoil taobh istigh de scóip an iarratais ina seilbh, dlisteanach.

Chinn mé go raibh sé de chead ag an gComhairle, faoi Airteagal 7(5) de na Rialacháin, iarratas maidir le taifid bhreise (seachas iad siúd a cuireadh ar fáil i rith an athbhreithnithe) a dhiúltú ar an mbunús nach bhfuil an fhaisnéis sin ina seilbh.

Chinn mé, chun críocha an iarratais áirithe seo, nárbh "*údaráis phoiblí*" iad na conraitheoirí a bhí fostaithe ar an tionscadal de réir bhrí na Treorach agus na Rialachán.

Maidir le roinnt beag faisnéise, chinn mé nach raibh cinneadh na Comhairle rochtain a dhiúltú faoi Airteagal 8(a)(iv) agus Airteagal 9(1)(c) ar an bhforas go mbeadh drochthionchar ag nochtadh ar rúndacht, dlisteanach sa chás áirithe seo, agus threoraigh mé go scaoilfí an fhaisnéis sin.

Cinneadh maidir leis an achomharc

Chinn mé nach raibh cinneadh tosaigh na Comhairle dlisteanach. Threoraigh mé go scaoilfí méid beag faisnéise taobh istigh de scóip an bhuniarratais agus chinn mé gur bhain Airteagal 7(5) le haon fhaisnéis bhreise a áitíonn an t-iarratasóir gur chóir a bheith i seilbh na Comhairle.

Cinntí faoi Airteagal 7(5) - faisnéis nach bhfuil i seilbh

Os rud é go mbaineann gach ceann den sé chinneadh seo a leanas le hAirteagal 7(5) de na Rialacháin agus gur ón iarratasóir céanna, an tUasal Pat Swords, a tháinig siad, tá siad á gcur i láthair mar ghrúpa agam. Tá an t-achomharcóir ainmnithe agam sa chás seo os rud é go bhfuil sé curtha in iúl aige go bhfuil sé sásta go n-úsáidfí a aitheantas.

I ngach cás, chinn mé go raibh diúltú an údaráis phoiblí rochtain a chur ar fáil ar fhaisnéis a lorgaíodh dlisteanach, ar bhunús Airteagal 7(5) de na Rialacháin a dhéanann foráil d'údarás poiblí rochtain a dhiúltú ar fhaisnéis a lorgaíodh ar an mbunús nach bhfuil an fhaisnéis sin i seilbh an údaráis ná thar ceann an údaráis sin. I ngach cás, níl aon díospóid faoi ach go mbeadh faisnéis lenar bhain toradh Airteagal 7(5) i gceist faoin sainmhíniú atá ar fhaisnéis chomhshaoil sna Rialacháin agus sa Treoir, dá mbeadh sé ina seilbh.

Bhí cúig chás a bhain leis an bhforáil seo de chuid na Rialachán amháin, mar a leanas:

- CEI/09/0016 An tUasal Pat Swords agus an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha – Cinneadh an 28 Meán Fómhair 2010 – gnéithe den chlár fuinnimh in-athnuaite,
- CEI/10/0002 An tUasal Pat Swords agus An Bord Pleanála – Cinneadh an 16 Meitheamh 2010 - píblíne gáis na Coiribe agus ábhair phleanála gaolmhara,
- CEI/10/0003 An tUasal Pat Swords agus GFT Eireann – Cinneadh an 2 Meitheamh 2010 – faisnéis thacaíochta maidir le ráitis a rinne Príomhfheidhmeannach an IDA maidir leis an gclár fuinnimh gaoithe,
- CEI/10/0004 An tUasal Pat Swords agus EirGrid PLC – Cinneadh an 14 Meitheamh 2010 - freagra oifigiúil Eirgrid ar thuarascáil Poyry, agus
- CEI/10/0008 An tUasal Pat Swords agus Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath – Cinneadh an 2 Iúil 2010 – faisnéis thacaíochta maidir le ráitis a rinne acadóirí UCS maidir le píblíne gáis na Coiribe agus gineadh leictreachais ón ngaoth.

Bhain an cinneadh deiridh leis an sainmhíniú ar fhaisnéis chomhshaoil freisin.

CEI 09/0015 – An tUasal Pat Swords agus RTÉ – Cinneadh an 10 Bealtaine 2010

Cúlra

Ar an 26 Deireadh Fómhair 2009, rinne an t-iarratasóir iarratas ar fhaisnéis chomhshaoil chuig RTÉ faoi na Rialacháin, ag lorg an méid seo a leanas:

1. na critéir a úsáideann RTÉ maidir le measúnú ar thionchar comhshaoil, truailliú an chomhshaoil, riosca inghlactha, riosca neamhinghlactha, guais neamhinghlactha,

2. cáilíochtaí phearsanra RTÉ atá ag tuairisciú ar ábhair a bhaineann le forbairt tionsclaíoch agus cur i bhfeidhm an Acquis Comhshaoil maidir le neamhchlaontacht agus cruinneas,

3. ainmneacha agus cáilíochtaí gach taighdeora de chuid RTÉ a bhí freagrach as cláir a bhaineann le forbairt Gás na Coiribe in Iarthuaisceart Mhaigh Eo a eagrú agus a léiriú le trí bliana anuas, agus

4. beartas RTÉ maidir lena oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Aarhus maidir le scaipeadh faisnéise maidir leis an gcomhshaol.

Cháin an t-iarratasóir tuairisciú RTÉ ar ábhair chomhshaoil, go háirithe tuairisciú maidir le suiteáil na píblíne gáis agus an chríochfoirt i gContae Mhaigh Eo.

Ba é seasamh an iarratasóra ná gur comhlacht poiblí é RTÉ faoin Treoir (Directive 2003/4/EC) a raibh oibleagáidí air a bhaineann le scaipeadh faisnéise comhshaoil, cosúil le haighneachtaí rialaitheacha mionsonraithe arna réiteach ag an bhforbróir i gcás Ghás na Coiribe.

Ba é an seasamh atá ag RTÉ ná gur údarás poiblí é chun críocha na Rialachán ach nach gclúdaíonn an t-iarratas faisnéis chomhshaoil agus ar aon chuma nach bhfuil an fhaisnéis a lorgaítear ag 1 ná ag 4 ina sheilbh.

Torthaí

Chinn mé nach bhfuil an fhaisnéis a lorgaíodh in 1 agus 4 i seilbh RTÉ.

Chinn mé nach raibh an fhaisnéis a lorgaíodh in 2 agus 3 taobh istigh den sainmhíniú ar fhaisnéis chomhshaoil mar atá leagtha síos sa Treoir agus sna Rialacháin.

Cinneadh maidir leis an achomharc

San achomharc seo, chinn mé freisin nach raibh míreanna 2 agus 3 den iarratas taobh istigh den sainmhíniú ar fhaisnéis chomhshaoil.

Aguisíní

Aguisín I

Deimhnithe eisithe faoi alt 20 agus alt 25 den Acht um Shaoráil Faisnéise.

AN ROINN GNÓTHAÍ EACHTRACHA
DEPARTMENT OF FOREIGN AFFAIRS
BAILE ÁTHA CLIATH 2
DUBLIN 2

Received
02 FEB 2011
Office of the
Information Commissioner

Ombudsman and
Information Commissioner
03 FEB 2011
Received

28 January 2011

Mr Pat Whelan
Director General
Office of the Information Commissioner
18 Lower Leeson Street
Dublin 2

Notification under Sections 20 and 25 of the Freedom of Information Acts, 1997 and 2003

Dear Mr Whelan,

I refer to your recent letter on the above subject.

I confirm that, during 2010, I did not issue any certificates under Section 20 of the Freedom of Information Acts.

On July 21 2010 the Minister for Foreign Affairs issued three certificates under Section 25 of the Freedom of Information Acts, by reference to which the records requested are exempt under Section 23 and Section 24. The certificates related to three requests for the same set of records.

In addition on 18 November 2010 the Minister for Foreign Affairs renewed certificates issued under Section 25 in 2009.

Please find enclosed copies of the certificates issued in 2010.

Yours sincerely,

David Cooney
Secretary General

OIFIG AN ARD-RÚNAÍ, AN ROINN DLÍ AGUS CIRT, COMHIONANNAIS AGUS ATHCHÓIRITHE DLÍ
OFFICE OF THE SECRETARY GENERAL, DEPARTMENT OF JUSTICE, EQUALITY AND LAW REFORM

Mr Pat Whelan
Director General
Office of the Information Commissioner
18 Lwr Leeson Street
Dublin 2

Office of the Information Commissioner
28 JAN 2011
Received

Notification under Section 20 and Section 25 of the Freedom of Information Acts, 1997 and 2003

Dear Mr ~~Whelan~~ Pat,

I refer to your letter dated 17 January 2011 in relation to certificates issued by Secretaries General and Ministers under Sections 20 and 25 of the Freedom of Information Acts, 1997 and 2003.

Please note that a certificate under Section 20 was issued by myself on 11 August, 2006 in relation to Risk Registers. This Department has a total of six Section 25 Ministerial Certificates. One new certificate was issued during 2010, and a further two were renewed by the Minister last year. Please find enclosed a copy of all three certificates as referred to above.

Yours sincerely,

Sean

Sean Aylward
Secretary General

26 January 2011

Received
28 JAN 2011
Office of the
Information Commissioner

94 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2 / 94 St. Stephen's Green, Dublin 2
Teileafón/Telephone: (01) 602 8316 Facsuimhir/Fax: (01) 661 6612 Ríomhphost/E-Mail: info@justice.ie

Aguisín II

Athbhreithniú faoi alt 25(7) ar Dheimhnithe Aireachta arna n-eisiúint

Roinn an Taoisigh
Department of the Taoiseach

Received
18 JAN 2011
Office of the Information Commissioner

Received
18 JAN 2011
Office of the Information Commissioner

12th January 2011

Ms. Emily O'Reilly
Information Commissioner
18 Lower Leeson Street
Dublin 2

Re Review of Section 25 of the Freedom of Information Act 1997.

Dear Commissioner,

I would like to inform you that pursuant to section 25 (7) of the Act, the Taoiseach, the Minister for Finance and the Minister for Enterprise, Trade and Innovation carried out a review of the operation of the Act, for the period ended November 2010 on the 11 January 2011.

Of the nine certificates in question six were issued by the Minister for Justice and Law Reform on 10 June 2009, 22 June 2009, 25 June 2009, 19 February 2010, 13 March 2010, 11 November 2010. The remaining three certificates were all issued on the 18 November 2010 by the Minister for Foreign Affairs.

Having completed the review, the Taoiseach, the Minister for Finance and the Minister for Enterprise, Trade and Innovation are satisfied that it is not necessary to request revocation of any of the nine certificates which were the subject of the review – copies of the forms signed by the reviewers to that effect are attached.

Yours sincerely,

Mary Murphy
Freedom of Information Liaison Officer

Aguisín III

Tuarascáil Bhliantúil maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh

Sa bhlian 2010, chaith Oifig an Choimisinéara Faisnéise 139.98 meigeavat de fuinneamh. Bhí sin comhdhéanta de:
- leictreachais 93.46 meigeavat
- breosla iontaise (gas) 46.52 meigeavat.

Rith an t-aonad soláthair in Oifig na nOibreacha Poiblí tairiscint anuraidh i gcomhair soláthraithe fuinnimh, agus d'iarramar a bheith páirteach leis. De bhun na tairisceana sin, tá ár soláthraí gáis agus leictreachais athraithe againn, d'fhonn costais a laghdú. Déanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí monatóireacht ar bhillí freisin d'fhonn a chinntiú go mbaintear na coigiltis riachtanacha amach.

Tá Vector Enterprises ainmnithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí chun Tionscnamh Caomhnaithe Fuinnimh a chur i bhfeidhm thar áiseanna arna mbainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Is í aidhm an tionscnaimh ná úsáid fuinnimh anseo, agus i ngach foirgneamh faoi bhainistiú Oifig na nOibreacha Poiblí, a laghdú le 20%.

Tá ceithre chéim sna pleananna.

1. Pleanáil: Tosófar trí iniúchadh a dhéanamh ar ár gcórais fuinnimh (iniúchadh fuinnimh foirgnimh), ag baint úsáide as plean foirgnimh cineálach. Tabharfar faoi iniúchadh i ndiaidh uaireanta oibre, agus úsáidfear é sin chun ídiú fuinnimh i rith uaireanta nach bhfuil obair ar siúl a ríomh.

2. Feidhmiú: Méadófar feasacht na foirne maidir le hídiú fuinnimh agus leis na modhanna chun é a laghdú. Déanfar cur i láthair ginearálta don fhoireann uile maidir leis an gcaoi a bhfuil sé ar intinn againn laghdú fuinnimh a chur chun cinn. Tá sé i gceist feachtas póstaer chun aird a tharraingt ar ídiú fuinnimh, agus tuarascálacha míosúla, a sheachadadh don fhoireann oibre uile. Moladh freisin go bhféadfaí scéim gradaim a thabhairt isteach chun rannpháirtíocht foirne a spreagadh.

3. Cumarsáid: I measc phleananna Vector, tá cruinnithe rialta (gach sé seachtaine) le hoifigeach fuinnimh ceaptha chun féachaint ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn, agus chun measúnú a dhéanamh ar mhonatóireacht leanúnach an fhoirgnimh. Tá an mhonatóireacht seo á déanamh trí rochtain cianda. Tá na fothaí leictreachais agus gáis isteach san fhoirgneamh nasctha anois le ríomhaire lárnach a

dhéanfaidh taifeadadh ar ídiú fuinnimh seachtainiúil agus míosúil. Taispeánfar próifílí de na taifid seo d'oifigeach fuinnimh ceaptha san fhoirgneamh ábhartha.

4. Athbhreithniú: Déanfar athbhreithnithe chun feabhas leanúnach a chinntiú - aithneofar é seo ag an am seo mar choigilteas 20% in astuithe CO2. Ar ndóigh, laghdóidh sin ár mbillí fuinnimh.

Cairt Eagraíochta

Imscrúdaitheóirí Sinsearacha

Elizabeth Dolan

Seán Garvey

Imscrúdaitheóirí

Melanie Campbell
Brenda Lynch
Brian Murnane
Alison McCulloch
Anne Moran
Marie O'Brien
Ciarán O'Donohoe
Anne O'Reilly
Colin Stokes

Aonad tacaíochta

Phyllis Flynn
Anne Harwood
Bernie Kelly
Robert Cullen-Jones
Iris Kilbey